





Clár

Caibidil I	An Oíche Dheireanach	3
Caibidil II	Óige Naoise	6
Caibidil III	Saol ar an Bhóthar	10
Caibidil IV	An Chéad Éacht	14
Caibidil V	Donnchadh	22
Caibidil VI	Gillinan	30
Caibidil VII	An Tóir ar Naoise	33
Caibidil VIII	Díoltas	40
Caibidil IX	Baile an Droighin	46
Caibidil X	Éalú	53
Caibidil XI	An Rás Fada	62
Caibidil XII	Aonach Bhéal Feirste	69
Caibidil XIII	Sna Glinntí Arís	74
Caibidil XIV	In Arm na Sasanach	79
Caibidil XV	Deireadh a Scéil	84

Ceantar Naoise




Sléibhte agus Baile an Droighin in Aimsir Naoise



1. Gleann na gCollán
2. Baile an Droighin
3. An Tuapháirc

Deirtear gur mar sin a fuair Naoise bás. Ach má théid tú go barr an tSléibhe Dhuibh go luath maidin shamhraidh deirtear gur féidir taibhse Naoise a fheiceáil ag siúl trasna an tsléibhe i dtreo Dhuibhise le Seán Bán agus Tarlach agus iad ag gáire.....



Caibidil 1 An Oíche Dheireanach

Shuigh sé suas i gcoirnéal an chillín. B'áit fhuar uaigneach í. D'amharc sé thart. Chonaic sé réalta an gheimhridh fríd na barraí iarainn. Cha raibh mórán ama fágtha aige. Cad é mar a tharla sé é a bheith anseo? Nach é an t-amadán, dar leis. Cad chuige a raibh sé chomh bómánta sin? Cad chuige nach raibh sé ciúin? Bhí sé cliste go leor go dtí sin. Cén taom a bhuail é? Bhí sé rómhall anois. Charbh fhiú a bheith ag smaoineamh air. Bhí sé ceaptha agus bhí deireadh leis. Chuala sé an garda taobh amuigh dá chillín. Mhottaigh sé fuar i dtobainne. Tuaim na heochrach sa ghlas agus bhí an doras oscailte.

"Dinnéar duit, an béile deireanach, an t-am seo amárach agus beidh sé críochnaithe! Ar mhaith leat deoch leanna leis?" arsa an garda, ag magadh faoi.

"Char mhaith, agus coinnigh an dinnéar agat féin. Chan fhuil ocras ar bith ormsa."

"Bíodh agat, is cuma liomsa. Tá sé ag an doras," agus dhruid sé an doras go grad. Sheas sé suas agus d'amharc sé amach ar an fhuinneog suas ar na réalta. Cha ndearna sé rud ar bith go héagórach. D'imir siad feall air mar a d'imir siad ar a thír. Sheas sé suas ina gcoinne, dar leis. Bhí bród air. Dhéanfadh sé an rud céanna arís ach an seans a fháil. Smaoinigh sé ansin ar a mháthair. Bheadh a croí briste. Bhí sé buartha faoi sin. Bhí cairde aici ar ndóigh ach bhí a clann uilig marbh — nó bheadh amárach. Bhí a beirt mhac eile marbh cheana féin. Crochta a bhí siadsan agus fuair a fear céile bás dhá bhliain ó shin. Nach ait an mac an saol? Nuair a pósadh í bhí feirm mhór agus tailte breátha aici. Bhí saol an mhadaidh bháin aici. Bhí gach rud mar a d'iarrfadh a béal a

bheith. Teaghlach óg de thrí mhac, fear céile a d'oibrigh go cruá, cairde maithe agus síocháin sa tír. Ansin tháinig an drong mhallaithe trasna na mara. Ghoid siad, dhóigh siad, scrios siad bailte agus mharaigh siad muintir na tíre seo. Bean láidir í, dar leis, bean chrua.

Ansin chonaic sé pictiúr ina intinn féin. A mhamaí a bhí ann, í óg dóighiúil. Na hamhráin a bhíodh aici. Na damhsaí a dhéanfadh sí agus na scéalta fada iontacha faoi Fhionn agus na Fianna. Nárbh aoibhinn an saol a bhíodh acu i bhfad ó shin? B'iomáí cluiche iomána ann sna laethanta fada sin. Bhíodh an ghrian i gcónaí ag glioscarnach go hard sa spéir. Bhíodh aoibhneas agus áilleacht i ngach áit. B'iontach an radharc tíre ar bharr Shliabh Mis. Sliabh Phádraig! Ach charbh fhiú bheith ag smaoinreamh air sin anois.

Dúirt sé paidir agus labhair sé go dúthrachtach le Dia. Cha ndearna sé drochrud ariamh. Cha raibh an locht air. Char tharraing seisean na trioblóidí air féin. B'fheirmeoir é agus bhí sé réidh le pósadh agus le socrú síos nuair a tháinig na gadaithe mallaithe seo lena dteanga aisteach agus a ndrochnósanna. D'iarr sé maithiúnas agus shuigh sé síos arís. Bhí litir le scríobh aige. Litir chuig a mhamaí. Cad é a scríobhfadh sé? Cad é mar a thiocfadh leis grá agus buairt s'aige a léiriú i gcúpla líne? Bhí a fhios aige go raibh a croí briste. Ach briste a bhí a croí le fada roimhe sin agus b'fhéidir ar bhealach éigin go mbeadh suaimhneas aici anois. Ní bheadh buairt ná imní uirthi a thuilleadh.

Leis sin buaileadh cnag ar an doras.

"Cuirteoir duit," a scairt a gharda go giorraisc. Tháinig saighdiúir isteach.

"Cad é mar a mhothaíonn tú?" arsa an saighdiúir agus é imníoch, dar leat.

Lagáin in aice le Béal Feirste. Dúirt Naoise nach raibh lá lochta airsean mura raibh snámh ag a fear.

Tháinig plandóirí eile ón Sceir Bheag agus mhionnaigh siad dubh agus bán gur mharaigh Naoise cuid dá ngolta. Dúirt Naoise nár mharaigh sé aon neach beo riamh ach char chreid siad é. Dúirt an breitheamh gur mharaigh Naoise agus a chairde na céadta daoine. Ansin tháinig an tiarna talún ó Chois Abhainn Dalla chun tosaigh. Dúirt sé go ndearna Naoise agus fear eile a bheirt mhac agus a iníon a ionsaí agus go ndearna siad iarracht iad a mharú. Bhí seo uilig go holc ach dúirt sé gur dhóigh Naoise a theach cónaithe go talamh. Thuig Naoise ansin nárbh fhiú bheith ag caint leo. D'fhan sé ciúin as sin amach. Daoradh chun báis é.

"Tharla sin inné. Anois tá a fhios agat mo scéal," arsa Naoise ag éirí ina sheasamh. "Cha ndearna mé rud ar bith éagórach. Tá a fhios agat sin."

"Tá a fhios agam anois é. Creidim gur mhaith leat teachtaireacht a chur chuig do mháthair. Scríobh é agus bhéarfaidh mé di é."

Go luath maidin lá arna mhárach tugadh Naoise chuig Glasán an Chrochadóra i gCarraig Fhearghais. Cuireadh rópa thart ar a mhuinéal agus crochadh é. Baineadh an ceann de agus cuireadh ar spíce é ar gheafthaí an bhaile.

D'fhan an cloigeann ansin dhá bhliain. Tháinig máistir scoile agus thóg sé cloigeann Naoise agus scanraíodh sé páistí dalba leis.

Caibidil XV

Deireadh a Scéil

Ceapadh Naoise láithreach. Tugadh drochíde don fhear bhocht agus cuireadh i gckillín é. Cha raibh ann ach an tús.

Cuireadh ceisteanna air i rith na hoíche sin. Dúirt sé i rith an ama gur James McKinstry a bhí air agus nach raibh a fhios aige cérbh é Naoise Ó hEocháin. Bhí Naoise chomh maith sin leis an scéal gur chreid an t-oifigeach é. Ansin dúirt dragún amháin go raibh comhartha broinne ar ghualainn chlé Naoise. Nuair a d'amharc siad air bhí siad cinnte gurbh é a bhí ann.

"Tá tú ag dul ar ais go Carraig Fhearghais," arsa dragún amháin. Bhí a fhios aige ansin go raibh deireadh leis. Cuireadh scéala roimhe go raibh sé ceaptha sa deireadh. Cuireadh glas air agus tugadh ar ais go Carraig Fhearghais é. Bhí siad dhá lá ar an bhóthar agus d'fhan a chara, an t-oifigeach, leis ar eagla na heagla. Nuair a bhain siad Carraig Fhearghais amach bhí na sráideanna dubh le daoine. Bhí na slóite ann chun an ropaire a fheiceáil. Thug Naoise faoi deara go raibh cara nó dhó ina measc. Bhí siad ann le tacaíocht a thabhairt dó ach cha raibh siad ábalta a dhath ar bith eile a dhéanamh. Chaith sé an oíche sin i gcarcair i gCaisleán Charraig Fhearghais. Go luath lá arna mhárach tugadh os comhair na cúirte é.

Nuair a shiúil Naoise isteach i dteach na cúirte chonaic sé go raibh an áit plódaithe. Thug sé faoi deara go raibh cuid de na plandóirí ón Sceir Bheag ann. Tháinig an breitheamh isteach agus thit ciúnas san áit. Tháinig bean Ghillinan chun tosaigh.

"Sin é," ar sise. "sin é an fear a mharaigh m'fhear céile." Dúirt sí go bhfuair a fear bás nuair a bádh é in abhainn an

"I gceart. Tá mé socraithe i m'intinn féin anois. Chan fhuil mórán ama fágtha agam ach is cuma liom. Rinne mé mo dhícheall agus char ghéill mé don daorsmacht. Tá mé bródúil as sin."

"Tá súil agam go n-amharcann tú orm mar chara nó shíl mé go raibh muid mór le chéile nuair a bhí muid san arm. Cé nach raibh mórán aithne agam ort mheas mé gur dhuine ceart thú. Ní thiocfadh liom ligint duit imeacht gan slán a fhágáil agat. Fanfaidh mé tamall más mian leat."

"Tá fáilte romhat. Is trua liom nach bhfuil a dhath ar bith agam le tabhairt duit ach tá mé mar a tchí tú mé — ar an ghannchuid. Cara maith a bhí ionat. Cha raibh meas ar bith agam ar d'arm ná ar do thír ach thuig tusa an difear idir an mhaith agus an t-olc agus d'aithin mé sin. Ba mhaith liom dá bhfanfa liom nó ba mhaith liom mo scéal féin a aithris sula bhfágfaidh mé slán leis an saol seo go deo, agus sílim go dtuigfidh tú mé níos fearr i ndiaidh duit mo scéal a chluinstin."

Caibidil II

Óige Naoise

"Rugadh mé in áit a dtugann tusa Contae Aontroma air. Cha raibh ciall againne don ainm sin. Rugadh in aice leis an Bhráid mé in aice leis an Bhaile Meánach. Áit ghalánta í. Is dóigh liom gur sin an fáth ar ghoid sibh an áit nó tá an talamh mín réidh agus i gceart i gcóir feirmeoireachta. Bhí saol sona sásta againn. D'oibrigh m'athair go crua agus bean mhaith tí a bhí i mo mháthair. Is dóigh liom go raibh mé féin agus mo dheartháireacha millte nó cha raibh bochtanas ná anás orainn. Ba ghnáth linn dul ar cuairt chuig ár ngaolta i gCois Abhainn Doinne agus b'iomaí lá pléisiúrtha a chaith muid ar an trá bhán ag súgradh agus ag amaidí. Ba ghnáth linn dul a dh'iascaireacht sna báid bheaga agus ag teacht ar ais dúinn lasaimis tinte ar an trá chun na héisc a róstadh. Char bhlais mé bia chomh deas sin ariamh. San oíche shuímis síos cois tine ag éisteacht leis na scéalta faoin Fhiannaíocht agus faoin Rúraíocht. Thaitin na scéalta faoin Chraobh Rua liom.

Bhí feirm mhaith againn sa bhaile agus bhí orainn ár sáith oibre a dhéanamh ann. Bhí ba le coimhead. Ba ghnáth liom buachailleacht a dhéanamh ar Shliabh Mis. Chuala mé, ar ndóigh, na scéalta faoi Phádraig agus é ag déanamh na hoibre sin ar an sliabh céanna. Bhí múinteoir ag ár dteaghlach agus bhí orainn ceachtanna a dhéanamh. Theagasc sé léitheoireacht, scríbhneoireacht, filíocht, Laidin agus Gréigis dúinn. Cha raibh a fhios agat go raibh léann chomh maith sin agam! Ansin cuireadh amach ar altramas mé. Is sean-nós Gaelach é seo. Chuaigh mé chuig baile eile agus d'fhan mé ansin dhá bhliain ag foghlaim troda agus dlíthe na nGael. D'fhan mé le teaghlach i gCois Abhann Dalla a raibh Mac Reachtain orthu. Daoine breátha Gaelacha ba ea iad. Cé go raibh cumha baile orm ansin thaitin an seal sin liom agus

i Naoise agus bhí sé in inmhe capall a láimhseáil. I gceann na haimsire cuireadh Naoise go Baile Átha Cliath. Is ann a thuig sé an oiread is a bhí Éire faoi smacht. Bhí muintir na cathrach móire bocht ocrach. Bhí tithe móra na nGall ann agus bunadh na hÉireann ina gcónaí i gcróite beaga fuara ar imeall na cathrach agus ar bhruacha na Life. Chuir seo gruaim air.

Bhí sé ar intinn aige fanacht in arm na Sasanach ar feadh cúpla bliain agus ansin dul abhaile faoi rún agus b'fhéidir imeacht le Síle Bhán, ach ní mar a shíltear ach mar a chinntear.

Bhí lá mór spóirt ag an arm taobh amuigh de Dhún Dealgan agus cuireadh Naoise ar ais le bheith páirteach ann mar thuig an t-oifigeach go mbainfeadh Naoise rás nó dhó. Nuair a bhí deireadh an lae ann bhí rás nó dhó bainte ag Naoise agus é iontach sásta leis féin. D'ól sé cúpla muga leanna agus bhí sé réidh le dul a luí nuair a chonaic sé scaifte dragún ag léim thar chapall. D'éirigh le beirt léim thar chapall amháin. Cuireadh dhá chapall le chéile agus léim fear amháin thar an dá chapall sin.

"Not one man here can do that," arsa an dragún a léim. "No Irishman can do what I have just done."

Stop Naoise. Bhí sé tinn tuirseach den sórt sin cainte.

"Put three horses together and we'll see!" arsa Naoise agus fearg air. Rinneadh mar a d'iarr Naoise. Rith sé a fhad leis na capaill. Léim sé thar na trí chapall gan stró. Scairt achan duine os ard. Shiúil Naoise leis agus bród air ach leis sin chuala sé an guth:

"No man in Ireland can do a jump like that except Naoise Ó hEocháin! I should know: I chased him thirty miles one day and saw him jump the River Lagan. Arrest that man!"

agus é ag amharc thart. Áit mhór a bhí ann. Bhí stáblaí ann agus foirgneamh mór inar chodail na dragúin.

"Come with me," arsa dragún eile agus blas Albanach ar a chuid cainte, rud nár thaitin le Naoise ar chor ar bith, ach thuig sé go raibh air a bhéal a choinneáil faoi smacht. Chuaigh sé isteach in oifig bheag. Bhí dragún ina shuí ar an taobh eile de bhord a bhí i lár an urláir.

"What's your name?" arsa an dragún seo.

"James McKinstry, sir," arsa Naoise, ag tabhairt ainm an fhealltóra dó.

"Why do you want to join the army?"

"I'm fed up with being poor and having nothing to do," arsa Naoise.

"Are you Irish?" arsa an dragún.

"I am but I'm not worried about it," arsa Naoise agus gáire ar a bhéal.

"You'll do," arsa an dragún. Cuireadh Naoise chuig oifigeach eile agus tugadh éadaí dragúin dó. Chuaigh sé ansin chuig bialann agus tugadh béile dó. D'fhan sé sa bheairic sin ar feadh míosa nó mar sin agus cha raibh le déanamh aige ach traenáil. Casadh go leor daoine air. Ba Ghaeil cuid acu. Bhí an chuid ba mhó acu béalscaoilte agus cruálach. Thug siad drocham do na Gaeil agus cha raibh ón chuid ba mhó acu ach dóigh eile le cur isteach ar mhuintir na hÉireann. Casadh cara amháin air. Sasanach a bhí ann agus chonacthas do Naoise gur dhuine cothrom a bhí ann. Char lig sé do na plandóirí cur isteach ar mhuintir na háite. Dúirt sé le Naoise nár thaitin dearcadh na nAlbanach leis. Shíl sé go raibh barraíocht peacaí á ndéanamh acu do dhaoine a chreid sa Bhíobla. Thaitin Naoise leis mar dhuine láidir folláin a bhí

charbh fhada go raibh mé ar ais i mo bhaile féin le Seán agus Donnchadh agus mo thuismitheoirí.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Mise an duine is sine sa teaghlach agus le himeacht ama bheadh an fheirm agus na tailte breátha agam. Casadh cailín óg orm. Chan fhaca tú calín chomh galánta riamh. Síle Bhán Ní Dhomhnaill a bhí uirthi agus nach muid a bhí i ngrá. Grá óg amaideach más maith leat. Ach roimh i bhfad bhí muid idir dáil is pósadh. Bhí mé ar mo sháimhín suilt. Bhí teach breá agus obair agus bean óg ghalánta agam — cha raibh romhainn ach saol fada pléisiúrtha. Ach ní mar a shíltear ach mar a chinntear.

Le fada roimhe seo bhí sceealta ag teacht chugainn go raibh Sasanaigh sa tír ag goid feirmeacha agus ag dó tithe. Go dtí seo sin a raibh ann — scéalta, agus cé go raibh mo thuismitheoirí buartha cha raibh imní ormsa nó chreid mé go raibh muid láidir go leor. Cha raibh Béarla na nGall sa taobh seo tíre riamh agus mheas mé nach mbeadh go deo. Faraor!

Tharla an tubaiste go luath maidin amháin i dtús an earraigh. Bhí mé i mo luí agus mé i dtír na mbrionglóidí nuair a mhúscail Seán mé.

"Tá na Cótaí Dearga taobh amuigh," ar seisean i nglór íseal.

Cha raibh mé agam féin go fóill.

"Cad é sin?" arsa mise.

"Cótaí Dearga — neart acu!"

Leis sin briseadh isteach an doras agus tháinig drong acu isteach sa teach.

"Clear the house in the name of the King," a chuala mé. Faoin am seo bhí mé i mo shuí agus mé faoi arm agus éadaí. Rith mé isteach sa pharlús. Bhí an chuid eile den teaghlach

ann romham.

Chonaic mé fear amháin i lár an urláir agus é ag caint go bagarthach le mo thuismitheoirí.

"Cé thú féin?" a d'fhiafraigh mé de.

"Stop addressing me in that peasant patois. Speak the King's English and show respect to the representatives of the King of England."

"Scrios Dé ort féin agus ar do Rí. Fág an teach seo nó is duitse is measa."

"Arrest the one with the sword," a d'ordaigh sé. "I have here a warrant to take possession of your dwellings, farm and lands. You are Irish peasants and no longer have any rights on these lands. You must leave at once. I will give you one hour to leave this area."

Char thuig mo mháthair bhocht cad é a bhí ag tarlú. Cha raibh Béarla ar bith agam ag an am ach barúil agam faoin ghnó. Bhí na scéalta ceart. D'amharc mé ar m'athair — nach air a bhí an fhearg! Chomhairligh sé d'achan duine bheith ciúin nó go raibh barraíocht acu ann.

"Beidh seans níos fearr againn má fhágann muid an teach go gasta. Ní rachaidh muid i bhfad."

"Arrest the one with the sword," arsa an ceannfort arís. Thug siad taobh amuigh mé agus thosaigh siad do mo cheistiú.

"What is your name?" arsa saighdiúir acu liom.

"Ní thuigim thú," arsa mise leis.

"D'ainm atá uainn," arsa saighdiúir eile liom.

"Tá Gaeilge agat. C'as duit?" arsa mise.

"Freagair ár gceisteanna," a bhagair sé orm.

Ná bíodh amhras ar bith ort faoi sin."

Ach fear crua láidir a bhí ann, mar Naoise. Le cois bheith crua láidir bhí sé neamheaglach. Thuig Síle Bhán sin ach shíl sí go raibh sé bómánta. Dúirt sé le Síle an scéal a mhíniú dá mháthair níos moille. Cé go raibh deifir air d'fhan sé tamall leis na mná. Bhí sé ar ais in Ard Tí Chuain go mall an oíche sin agus é sásta ina intinn féin faoina mháthair agus faoi Shíle.

Cúpla lá níos moille bhí Séamus agus Naoise ag dul fríd Bhéal Feirste. Bhí an áit lán dragún agus Albanach. Bhí cuma aisteach ar an áit, dar le Naoise. Cha raibh sé cosúil le háit ar bith Gaelach. Cha raibh focal ar bith Gaeilge le cluinstit. Shiúil siad thart leis an charcair.

"Sin an áit a bhfuil an sagart bocht Feidhlimidh Ó hAdhmaill curtha acu," arsa Naoise, ag toiseacht agus ag inse do Shéamus faoin seansagart a bhí i mBaile an Draighin i bhfad ó shin. D'amharc sé suas ar an Sliabh Dubh agus d'fhág sé slán ag Aindreas agus ag a mháthair. An bhfeicfeadh sé arís go deo iad? Cha raibh a fhios aige. Cha ndearna siad moill ar bith i mBéal Feirste ach shiúil siad leo i dtreo na mBeanna Boirche. Fiche uair d'iarr Séamus air gan liostáil in arm na Sasanach. Ach cha raibh gar ann. Char éist sé leis. Dúirt sé le Séamus gur thuig sé an baol ach go mbeadh sé slán sábháilte. Bhain siad Ó Méith amach an lá dár gcionn. D'fhan Naoise agus Séamus i dteach mháistir scoile ansin. Peadar Ó Doirnín a bhí air agus de réir Shéamuis scoth file a bhí ann. Lá arna mhárach shiúil Naoise isteach go Dún Dealgan a fhad le beairic na ndragún. Ligeadh isteach é.

"What is your business here?" arsa an garda ag an gheata.

"I want to join the dragoons," arsa Naoise gan eagla.

"Wait here," arsa an garda. Sheas Naoise mar a raibh sé

"Smaoinigh air. An mbeidh siadsan ag dréim liom dul isteach in arm s'acu? Beidh siad do mo chuartú ar fud na tíre agus beidh mé faoina ngaosán acu agus gan a fhios acu a dhath ar bith faoi," arsa Naoise agus aoibh an gháire air.

"Maith go leor, abair go bhfuil an ceart ar fad agat. An mbeidh tú in inmhe daoine bochta a chaitheamh amach ar an bhóthar agus talamh s'acu a ghoid agus cuid de na tithe a dhó ar son an Rí? Agus iad ag tabhairt drochíde d'fhir óga — an mbeidh tú in inmhe seo a dhéanamh agus do bhéal a choinneáil druidte? Ní dóigh liom é, a Naoise," arsa Séamus.

"Mar seo atá sé," arsa Naoise, "beidh orm a dhéanamh nó beidh mo chosa nite."

"Cad chuige nach dtéann tú thar sáile?" arsa Séamus.

"Cha dtig liom an tír a fhágáil i mo dhiaidh," a d'fhreagair Naoise. Thuig Séamus nach raibh gar bheith ag caint leis níba mhó. Mhínigh Naoise do Shéamus go raibh sé ar intinn aige dul ar cuairt chuig a mháthair agus a rá léi go raibh sé maith go leor, ar eagla gur shíl sí go raibh sé marbh. D'fhág sé Ard Tí Chuain go luath lá arna mhárach. Nuair a bhain sé an Sceir Bheag amach dúradh leis go raibh a mháthair ag fanacht le Síle Bhán Ní Dhomhnaill agus a clann. D'imigh sé leis a fhad le teach Shíle. Baineadh siar as an bheirt bhan nuair a shiúil Naoise isteach sa teach acu.

"An taibhse thú?" arsa a mháthair agus eagla uirthi.

"Chan ea, ach do mhac féin!" arsa Naoise agus é ag gáire. Bhí áthas an domhain orthu beirt. Cha raibh léamh ná scríobh ná inse béil ar an lúcháir a bhí ar Shíle Naoise a fheiceáil arís. Nuair a mhínigh Naoise di go raibh sé le fanacht sa tír agus dul isteach in arm na Sasanach cha raibh sí saor ó inní.

"Éist liom, a rún," arsa Síle. "Tá seo iontach contúirteach.

"Naoise Ó hEocháin m'ainm agus mo shloinne."

"Agus do theaghlach. Ainmnigh iad."

"Cuir ceist orthu féin. Tá teanga an duine acu."

Ba léir dom gur chuir mé isteach orthu beirt. Thosaigh siad ár gceistiú agus a scríobh síos nótaí. D'amharc mé orthu agus don chéad uair riamh thuig mé an fuath. Bhí mo mháthair bhocht cráite agus í ag caoineadh agus ag impí ar Dhia cuidiú a thabhairt dúinn. Bhí an ceannfort ag iniúchadh ár dtroscáin agus chonacthas dom go raibh áthas air. Bhí na Cótaí Dearga eile ag baint sásaimh as a gcuid oibre, rud a chuir isteach orm go mór.

Cuireadh taobh amuigh den teach mé agus tamall gearr ina dhiaidh sin tháinig an ceannfort amach agus labhair go bagarthach liom, agus an saighdiúir a raibh Gaeilge aige ag aistriú dó.

"Don't show too much disrespect, peasant. It's not healthy. This farm and its dwellings are too good for the likes of you. We have laws in this land. You have too much cattle and property. This is against the law. You are not permitted to carry arms, yet you have a sword. Your language, if that is what it is, is banned. Your foolish music and games are outlawed. The peasants of this area and in the glens further north break and flout the laws of England. How dare you! You should know now that we are far stronger than you. Go now and never more return to this area."

D'amharc mé idir na súile air agus fuath i mo chroí."

Caibidil III An Saol ar an Bhóthar

"Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí muid thart ar thine i scioból i lár na gcnoc in aice leis an Sceir Bheag. Cha raibh muid rófhada ónár mbaile féin ach bhí sé cosúil le tír eile ar fad. Bhí an scioból fuar gaothach agus cha raibh de thoscán againn ach stól an duine. Bhí tuí ina luí anseo agus ansiúd agus chruinnigh muid seo chun leaba an duine a dhéanamh dúinn féin.

Bhí prátaí go leor le hithe againn mar bhí muid in aice le feirm mhór. Ba le clann Mhic Neachtain an fheirm seo ach bhí plandóirí anois ina gcónaí ann. Daoine aisteacha ba ea iad, na plandóirí seo, dar liom. Bhíodh siad ag guí chun Dé i dtólamh ach char chuir an ghadaíocht agus an dúnmharú as dóibh. Muna raibh siad féin buartha faoin ghoid a rinne siad cha raibh mé féin nó mise a sciob liom na prátaí agus an eorna agus an chormhuc chun muid féin a choinneáil ar ár mbonnaí. Rinne mé an slad go luath ar maidin nuair nach raibh duine ná deoraí acu múscaillte. Rinne mé é chomh gasta formhothaithe sin gur chuir sin iontas orm. Nach mé a bhí maith ag goid! Ansin smaoinigh mé ar an seanfhocal: 'Ní féidir goid ó ghadaí'. Ach char chóir dúinn bheith beo go héagórach. Cha ndearna muid dochar ar bith ariamh agus bhí muid anois ar an trá fholamh.

Chonaic mé mo thuismitheoirí ag athrú chomh maith an t-am seo. Bhí brón agus briseadh croí agus buairt orthu nuair a caitheadh amach muid. Daoine láidre crua iad tráth. Ach anois léirigh siad fearg agus fuath agus chan fhaca mé na tréithe seo iontu ariamh. Bhí siad ag caint anois ar dhíoltas a bhaint amach agus an drong mhallaithe seo a ruaigeadh amach as ár gceantar agus amach as ár dtír. Bhí sé seo go

Caibidil XIV In Arm na Sasanach

Shuigh Naoise agus Séamus síos agus rinneadh a mhór den bheirt acu. Dúirt bean an tí leo go raibh ráfla ar fud na nGlinntí go bhfuarthas Naoise i mBéal Feirste agus gur cuireadh chun báis é cionn is gur mharaigh sé Gillinan. Cha raibh a fhios ag Naoise go dtí sin go raibh Gillinan marbh. Ar bhealach bhí áthas air go raibh deireadh lena namhaid. Ach mar sin féin bhí a fhios aige go mbeadh fearg ar a chlann agus go gcuirfeadh siad daoine eile amach á lorg anois agus iad cinnte go raibh Naoise beo. Chan amháin sin ach bhí a fhios ag na hAlbanaigh go raibh Naoise ar ais arís sna Glinntí nó bhí Naoise cinnte gur aithin bunadh an tí é ag teach an tiarna talún an mhaidin sin.

An oíche sin nuair a bhí bunadh an tí ina luí labhair Naoise le Séamus agus d'inis sé dó cad é a bhí ar a intinn.

"Tá go leor dochair déanta agam anois," a thosaigh Naoise. "Cha dtig liom dul ar ais go Béal Feirste agus tá an áit seo beo le dragúin do mo lorg."

"Tá mé ag déanamh go mbeidh ort an tír seo a fhágáil i do dhiaidh," an chomhairle a thug Séamus dó.

"Ní shílim é," arsa Naoise, "nó ceapaim go dtig liom fanacht sa tír agus dallamullóg a chur ar na hAlbanaigh agus ar na dragúin chomh maith. Tá mé ag smaoineamh ar liostáil in arm na Sasanach."

"An bhfuil tú ar mire glan?" arsa Séamus agus a sháith iontais air. "Bíodh ciall agat. Sin an áit a bhfuil na naimhde is mó atá agat. Is cinnte go bhfuil daoine ansin ina measc agus aithne súl acu ort. Beidh tú acu gan mórán moille. Ní mhairfidh tú mí ina measc."

"Léim seo," arsa Naoise leis. Ach baineadh siar as Séamus.

"Cha dtiocfadh liom an léim seo a ghearradh," arsa an ropaire. Ach rith Naoise agus léim sé trasna na habhann.

"Léim anois nó crochfar thú!" a scairt Naoise. Ba leor sin — rith Séamus agus ghearr sé an léim gan stró. D'imigh siad leo. Nuair a tháinig na dragúin a fhad leis an abhainn stad siad.

Bhí na cairde faoi leathmhíle den áit nuair a stop siad.

"Thig linn siúl ar ár suaimhneas anois," arsa Naoise. Shiúil siad leo. Charbh fhada go raibh siad ag teach beag.

"Cá bhfuil muid anois?" arsa Séamus.

"Tá muid in Ard Tí Chuain," arsa Naoise. "Tá cairde agam ina gcónaí anseo. Beidh lóistín agus bia le fáil againn anocht. Tá plean agam agus ba mhaith liom labhairt leat faoi."

Bhuail Naoise ar an doras agus d'oscail gasúr óg é.

"Dia ár sábháil," arsa an gasúr beag. "A Mhamaí, tá Naoise anseo."

Tháinig máthair an ghasúir óig a fhad leis an doras.

"Naoise Ó hEocháin é féin! Chuala muid gur mharbh a bhí tú. Tar isteach in ainm Chroim. Cad é mar atá tú?"

"Chan fhuil caill orm. Tá lóistín de dhíth orm. Tá súil agam go dtig linn fanacht anseo anocht."

"Beidh fáilte romhaibh. Suí síos."


breá ach chonacthas dúinn go raibh na plandóirí róláidir agus róglic agus cibé ar bith bhí na Cótaí Dearga acu.

Idir an dá linn bhí obair le déanamh. Bhí an t-ádh linn go raibh an tEarrach ann. Bhí an aimsir ag bisiú de réir a chéile agus cha raibh muid rófhuar. Bheadh teach buan de dhíth orainn, agus thosaigh muid ag smaoineamh ar dhóigh éigin le teach a thógáil. Cha raibh adhmaid ná clocha againn; cha raibh uirlisí ar bith againn. Bheadh orainn teach a dhéanamh as fóid chréafóige. Thosaigh muid ar an obair agus chaith muid seachtainí fada air. Feirmeoir a bhí ionam an t-am sin, chan tógálaí, ach diaidh ar ndiaidh d'éirigh linn teach beag seascair a dhéanamh. Leag muid cuid den scioból agus rinne muid troscán as an adhmaid. Rinneadh scioból níos lú agus chonacthas dom go dtáinig muid níba chongaraí dá chéile mar theaghlach. Chuidigh muid lena chéile. Má bhí duine againn tinn nó tuirseach thug muid aire mhaith dó. Bhí muid uilig imníoch faoinár máthair, ach bean láidir dhaingean a bhí inti agus d'fhulaing sí deireadh go cróga.

Cibé ar bith shocraigh ár dtuismitheoirí faoin am seo go raibh orainn cúrsa traenála a dhéanamh. Ag an tús bhí amhras orm. Cad é a bhí i gceist acu? Cad chuige a raibh orainn seo a dhéanamh? Nach raibh muid óg láidir agus aclaí mar a bhí? Dúirt m'athair linn go raibh muid gasta go leor ach go dtiocfadh linn bheith níbh fhearr. Chaith muid laethanta fada ag rith agus ag léim thar aibhneacha sna Glinntí. Chaith muid deich n-uaire as a chéile in amanna agus muid ag traenáil. Fágadh in áiteanna iargúlta muid ar feadh seachtaine. Bhí orainn bheith beo ann. Bhí orainn tine a lasadh, bia a fháil agus muid féin a choinneáil tirim. Chan i gcónaí a rinne muid mar ba cheart é.

Bhí traenáil amháin ann nár thaitin liom ar chor ar bith. Luaigh mé an scioból leat. Bhí dhá dhoras sa dá thaobh.

Sheasadh m'athair ag doras amháin agus mo mháthair ag an doras eile den scioból. Bhíodh sluasaid an duine acu. Bhíodh orainn rith amach agus isteach ar an dá dhoras sin agus iad ag iarraidh ár mbualadh leis na sluaistí. Deirim leat gur éirigh muid gasta gan mórán moille. Bhí deireadh le m'óige anois. Cha raibh mé ach sé bliana déag an t-am seo agus bhí Seán agus Donnchadh níos óige fiú ach bhí orainn rudaí leanbaí a fhágáil inár ndiaidh.



Bhí an t-ádh linn i dtólamh. Bhí an samhradh fada te an bhliain sin. Bhí muid chomh te sin in amanna gur chaith muid tamall fada ag snámh san abhainn a bhí ar chúl an sciobóil. Chuir muid glasraí ar phíosa talaimh in aice an tí agus bhí go leor bia againn. Ach ghoill sé orainn go raibh strainséirí ina gcónaí ar thalamh agus i dtithe s'againne. Casadh Gaeil eile orainn a cuireadh chun bóthair. Bhí cairde eile ar an bhóthar ag an am seo. Casadh Ragnall Dubh orm. Crochadh an fear bocht sin tá bliain nó mar sin ó shin. Bhí Tuathal Mac Aonghusa ann fosta. Fear óg láidir a bhí ann. Bhí Tarlach Maol Mac

Naoise.

"Amharc, ní am ar bith é seo don chaoineadh. Beidh orainn éalú nó is dúinn is measa," arsa Séamus ag iarraidh intinn Naoise a dhíriú ar a bhfadhb. Rith Séamus a fhad leis na barraí iarainn. Tharraing sé iad agus bhrúigh sé iad ach biongadh dá laghad char bhain sé astu. Bhuail Naoise an doras an oiread sin go raibh a chorp dearg nimhneach ach go fóill char bhog sé. Leis sin féin mhothaigh Naoise boladh toite.

"An mothaíonn tú boladh ar bith?" arsa Naoise agus inní ag teacht air.

"Boladh toite atá ann," arsa Séamus Mac Murchaidh. "Tá an teach trí thine acu!"

"Seo an deireadh anois muna ndéanann muid deifir," a scairt Naoise. "Éist, beidh orainn beirt an doras a ionsaí ag an am céanna."

Rinne siad sin agus sa deireadh bhris siad an doras síos. Thit siad féin amach as an tseomra go barr an staighre. Bhí toit achan áit agus bladhairí ag teacht aníos a fhad leo. Síos leo fríd an tine agus piostal ina láimh ag an bheirt acu. Amach an cúldoras leo. Bhí scaifte de bhunadh an tí os a gcomhair ag dul amach do Naoise ach nuair a chonaic siad an piostal d'imigh siad leo soir siar. Shíl Séamus go raibh leo ach thug Naoise faoi deara scata dragún ag teacht a fhad leo. Bhí na dragúin rófhada ar a gcúl.

"Lean mise," arsa Naoise le Séamus. "Tá eolas an bhealaigh agam agus tá teach aitheantais agam faoi thrí mhíle den áit seo."

Ar aghaidh leo suas cnoc agus síos cnoc agus lean an rás i rith an lae. Arís lean Naoise an talamh garbh go dtí sa deireadh gur tháinig siad a fhad le habhainn.

acu. Le héirí na gréine bhí siad ina seasamh agus bhí siad i gCois Abhann Dalla go luath an mhaidin sin. Bhí an teach úr le feiceáil taobh amuigh den sráidbhaile féin. Bhí sé tógtha ar bharr cnocáin agus crainn timpeall air le foscadh a thabhairt dó agus leis na Gaeil a choinneáil amach ón áit. Bhí coill bheag in aice leis agus shuigh an bheirt acu ann ag amharc ar bhunadh an tí ag teacht is ag imeacht. Nuair a mheas siad beirt go raibh an teach folamh shíúil siad a fhad leis. Bhí an doras ar chúl an tí oscailte agus isteach leo. Teach mór a bhí ann gan aon amhras. Bhí fear amháin faoin chistin ach cheangail siad é agus ar aghaidh leo chuig seomra mór suí. Nuair a chuaigh siad isteach bhí cailín óg ina suí sa chúinne ag amharc amach ar an fhuinneog. D'amharc sí ar an bheirt acu ach gan cuma na heagla uirthi.

"Fan ansin, a rún," arsa Naoise. "Ní dhéanfaidh muid a dhath ort., Tá bhur gcuid airgid uainn. Taispeáin dúinn cá bhfuil an t-airgead curtha i bhfolach agaibh."

"Maith go leor," ar sise go séimh ciúin. Ar aghaidh léi suas staighre agus lean an bheirt í. Isteach i seomra beag ag barr an staighre leo. Bhí sé dorcha go leor ach thug Séamus faoi deara go raibh barraí iarainn ar fhuinneog a bhí sa seomra. I dtobainne chuala siad callán. Druideadh an doras taobh thiar den bheirt acu! Rith Naoise a fhad leis an doras.

"Pleoid air seo agus scrios ar an chailín óg sin. Tá muid faoi ghlas aici!"

Rinne sé iarracht an doras a bhriseadh síos lena ghualainn ach char bhog sé. Thug sé rúide eile ar an doras ach caitheadh siar é. Rinne Séamus amhlaidh ach cha ndearna sé a dhath níb fhearr. Bhí siad beirt san fhaopach.

"Amharc orainn beirt. Na ropairí is mó clú in Éirinn agus muid ceaptha ag girseach bheag! Mo náire muid," a scairt

Reachtain ann agus Seán Bán Mac Giolla Coille. Phléigh muid an fhadhb agus muid ag iascaireacht le chéile. Bhí fearg orainn ar fad agus bhí an cás ag dul in olcas lá i ndiaidh an lae. Thosaigh muid go mall réidh ar dtús. Goideadh capall anseo is ansiúd. Dódh scioból. Ligeadh ainmhithe saor go mall san oíche. Cha raibh sna rudaí seo ach cur isteach ar na plandóirí. Char fhan muid lena fháil amach cad é mar a chuir seo uilig isteach orthu. Is dóigh liom go raibh siad ag dúil leis seo mar thóg siad ballaí arda thart ar na tithe agus d'fhan na dragúin i gcuid de na tithe chomh maith. Chonacthas dom go raibh siad ag gáire orainn. Ba léir dom nach raibh muid ag déanamh mórán dochair. Bhí orainn scrios níos mó a dhéanamh
."

Caibidil IV

An Chéad Éacht

Le linn an tsamhraidh sin cuireadh na céadta Gael ar an bhóthar. Cuireadh as a dtalamh iad gan trua gan taise. Bhí seandaoine agus daoine óga ag plodú isteach sna Glinntí. Chuir siad fúthu ar thaobh na mbóithre, in uaimheanna, in áit ar bith a raibh foscadh le fáil. Duine ar bith a throid ina gcoinne cuireadh chun báis é. B'iomaí leanbh a fágadh gan athair an samhradh sin. Goideadh talamh ar bith a bhí maith. Níor bhac na plandóirí leis na Glinntí ná an talamh thart orthu. Bhí an talamh seo bog tais agus charbh fhiú leo é. Talamh maith mín chun feirmeoireachta a bhí uathu. De ghnáth cuireadh bunadh an tí chun siúil ach in amanna tugadh cead dóibh fanacht agus oibriú mar ghiollaí ina dtithe féin. Bhí cuid mhór ann a d'fhan siocair nach raibh áit ar bith eile acu agus nach raibh siad cleachta leis an saol a bheadh acu ar an bhóthar. Níor tugadh ofráil ar bith do Naoise ná dá theaghlach. D'aithin na plandóirí a ghoid teach s'acu nach mbeadh siad sásta fanacht ansin mar ghiollaí.

De réir mar a bhí na Gaeil ag plodú isteach sna Glinntí bhí an bia ag éirí gann. Bhí go leor ann ar tús agus bhí glasraí ann. Bhí cuid de bhunadh na háite beo ar an iascaireacht ach nuair a bhí an bia reaithe ba dhoiligh do dhaoine bheith beo ar an iasc amháin.

Cibé ar bith tháinig an Fómhar agus na prátaí leis. Bhí an t-ádhlach le muintir na nGlinntí an bhliain sin. Bhí go leor prátaí ann a mhairfeadh bliain. Thóg daoine bothóga beaga ar thaobh sléibhte. Thosaigh daoine ag iascaireacht scadán. Rinneadh réidh talamh don bhliain seo chugainn agus bhí cuma ar rudaí gur glacadh leis na plandóirí. Faraor!

Lennox a bhí ar na daoine a ghoid teach Naoise. Throid

raibh aithne acu ar a chéile.

"Bhfuil deoch de dhíth ort?" arsa fear an leanna.

"Gloine leanna," arsa Naoise ar nós cuma liom, dar leat.

"Chan fhuil a fhios agam cé hé mo dhuine," arsa fear an leanna i gcogar, "ach ní Albanach é cibé é féin óir tá Gaeilge aige agus ceapaim go bhfuil sé féin ar a sheachaint."

Chuaigh Naoise a fhad leis.

"Is strainséir mór thú an bealach seo," ar seisean ag toiseacht ag comhrá leis.

"Tá cuma ort féin nach raibh tú an bealach seo le fada an lá," arsa an coimhthíoch, gan mórán eolais a thabhairt uaidh.

"An ar do bhealach go Doire atá tú?" arsa Naoise leis.

"Chan ag fágáil mo thíre féin atá mé ach ag lorg sosa," arsa an strainséir.

Rinne Naoise racht mór gáire.

"Faigh deoch don fhear seo, a Pháidín," arsa Naoise. "Is duine againn féin é!"

Idir sin agus deireadh na hoíche chuir an bheirt acu aithne ar a chéile. Séamus Mac Murchaidh a bhí ar an fhear eile. Chuala Naoise iomrá air. Ba as Ó Méith Mara dó agus de réir na scéalta bhí seisean ag déanamh na hoibre céanna ina cheantar féin a bhí Naoise a dhéanamh an taobh seo tíre.

"Is maith an bealach seo thú," arsa Naoise, "óir tá tiarna talún i ndiaidh dul a chónaí faoi Chois Abhann Dalla agus de réir na scéalta atá ag teacht chugam is rógaire reatha é. Tá bunadh na háite faoi chois aige. Tá ceacht de dhíth air. An mbeidh tú liom? Tá fear de dhíth orm a bhfuil sracadh ann."

Chuaigh siad a luí an oíche sin agus gach socrú déanta

Caibidil XIII

Sna Glinntí Arís

Bhí an cúpla oíche sa ghleann iontach tábhachtach. Chaith na cairde uaireanta fada ag plé na faidhbe. Bhí a fhios ag na dragúin agus ag na hAlbanaigh go raibh siad faoi Bhéal Feirste. Bhí siad á lorg agus bhí orthu imeacht ach cha raibh an Sceir Bheag sábháilte ach oiread. Shocraigh Seán Bán agus Tarlach go rachadh siad go Doire agus bád a fháil a fhad leis an Oileán Úr. Bheadh saol úr acu ansin agus cha bheadh Albanaigh ná dragúin ann leis an saol úr seo a mhilleadh. Mheabhraigh Naoise ina chroí istigh faoi seo ar feadh fada go leor ach b'fhearr leis fanacht ina thír féin. Thuig sé cás a chairde ach bhí a fhios aige nach sásta a bheadh sé i dtír ar bith eile.

Ba bhrónach an lá é nuair a scar siad óna chéile. Bhí an triúr acu ag caoineadh mar bhí a fhios acu nach bhfeicfeadh siad a chéile arís go deo.

D'imigh Naoise ó thuaidh leis féin. Bhí sé ag smaoineamh ar an am a bhí roimhe. Bhí cumha air ach ar bhealach bhí sé sona sásta óir bhí sé ag dul abhaile lena mháthair a fheiceáil agus lena rá léi go raibh sé ag fanacht sa tír. Shiúil sé leis ar feadh lae. Fríd na coillte a chuaigh sé mar nach raibh sé ag iarraidh go bhfeicfeadh duine ar bith é. Le titim na hoíche bhí sé ag bun Shliabh Trostáin. Bhí teach leanna ag bun an tsléibhe agus bhí Naoise sásta leis féin mar ba chara é an fear tábhairne agus bhí a fhios aige go mbeadh lóistín na hoíche le fáil aige.

Ag dul isteach dó cha raibh roimhe ach a chara agus fear amháin eile sa bheár. Cha raibh aithne ar bith ag Naoise air agus ar ndóigh bhí air bheith iontach cúramach. Labhair a chara leis sa dóigh nach mbeadh a fhios ag an strainséir go

fear an tí Andrew Lennox ar thaobh Chromail i gcoinne Rí na Sasanach daichead bliain roimhe sin agus bhí mac aige a raibh Boyd air a throid leis an Rí Liam Oráiste cúpla blain roimhe seo. Bhí gráin aige do na Gaeil. Albanaigh a bhí iontu a chuaigh le reiligiún eile. Labhair siad Béarla agus ba ríchuma leo faoin teanga a bhí ag na Gaeil. Chonaic Andrew Lennox Naoise ar an Bhaile Mheánach cúpla uair agus bhí eagla air roimhe. D'aithin Naoise láithreach é agus thuig Lennox nach grá a bhí aige dó ach a mhalairt. Níor bhac Naoise le rud ar bith a dhéanamh agus é ar an Bhaile Mheánach. Bhí an baile seo anois lán dragún agus plandóirí. Fiú dá mbeadh sé ag iarraidh cur isteach air nó a chnagadh ní bheadh seans aige. Ach bhí eagla ar Lennox.

Chuaigh Lennox chuig oifigeach na ndragún ar an Sceir Bheag agus labhair leis.

"Tá imní orm," arsa Lennox.

"Cad chuige a mbeadh imní ort?" arsa an t-oifigeach.

"Chonaic mé an fear óg sin Naoise Ó hEocháin agus sílim go bhfuil fuath ina chroí aige dom féin agus do mo chlann. Níl mé cinnte, ach bíonn daoine faoin áit againn go mall san oíche. Bhí mo mhadadh féin ag tafann aréir agus tá mé cinnte gurbh é féin a bhí ann cé nach bhfaca mé rud ar bith," arsa Lennox agus é ag éirí tógtha go maith.

"Bíodh ciall agat! Níl ann ach samhlaíocht s'agat. Tá eagla ar na Gaeil seo. Níl dochar ar bith déanta acu go fóill. Dá mbeadh trioblóid ar bith le teacht bheadh sí ann roimhe seo. Gabh abhaile agus socraigh síos."

"Dochar ar bith déanta! Dódh scioból i gceantar s'againne tá seachtain ó shin. Goideadh muc uaim. Muc bhreá ramhar. Dódh cuibhreann cruithneachta tá mí ó shin agus tá tusa ag inse domsa nach bhfuil dochar ar bith déanta go fóill."

"Níor mharaigh siad duine againn go dtí seo. Níor tháinig siad faoi mhíle dinn. Tá na dragúin ann agus eagla orthu romhainn."

"Níl eagla ar bith ar an Naoise sin. Tá mise á inse duit go ndéanfaidh an diúlach sin dochar. Rud eile, bíonn cairde aige agus iad ag lorg trioblóide. Éist liom. Tá eagla orm. Dúirt sibh linn tá sé mhí ó shin nuair a tháinig muid anseo go dtabharfadh sibh cuidiú dúinn. Bhal, tá cuidiú de dhíth orm anois. Cuir cúpla dragún chugam. Má fheiceann Ó hEocháin go bhfuil sibh ann ní thiocfaidh sé de mo chóir," arsa Lennox, agus é ag impí air faoin am seo.

"Maith go leor," arsa an t-oifigeach agus é ag éirí feargach. "Cuirfidh mé triúr acu amach chugat tráthnóna. Fanfaidh siad coicís. Ach beidh ortsa bia agus leaba a thabhairt dóibh."


"Maith thú féin. Tá mé iontach buíoch díot. Ná bí buartha." D'imigh Lennox agus é sásta ina intinn féin. Bhí cosaint anois aige. Ba chuma leis faoi Naoise agus a chuid fear.

An oíche sin bhí Naoise ina sheasamh ar chúl crainn ag amharc síos ar a theach. Bhí dhá dhragún ar garda ag an teach. Bhí fear eile ar chúl an tí. Bhreathnaigh sé orthu ar feadh uaire. Cha raibh cuma bhuartha orthu. Bhí siad ag gáire agus ag caint os ard. Tháinig Andrew Lennox amach uair nó dhó gur labhair sé leo. Shiúil sé thart timpeall an tí cúpla uair agus aoibh air.

"Ní thiocfaidh sé anocht," a scairt sé, "agus má thagann beidh muid réidh faoina choinne."

D'imigh Naoise leis ach tháinig sé ar ais trí oíche i ndiaidh a chéile. Bhí plean aige ach nach raibh sé ag iarraidh rud ar bith a dhéanamh go róghasta. Bheadh foighne de dhíth air. D'fhan sé seachtain gan dul ar ais in aice na háite. Bhí rudaí eile le déanamh aige. Chuidigh sé lena athair na prátaí

ceart aige. Bhog siad ar ais go Baile an Draighin agus bhuaill siad le hAindréas agus lena mháthair. Chuala siad nach bhfuair na dragúin eolas dá laghad fúthu agus go raibh an áit ciúin. D'fhág Naoise airgead acu agus chaith siad cúpla oíche sa ghleann.



"Dom d'airgead agus tar anuas den chapall."

thar sáile agus na Gaeil bhochta a fhágáil mar sin.

Gan mórán moille bhí ainmneacha na ndaoine a mharaigh an teaghlach ag Naoise agus ag a chairde. Chuir Naoise scéala chucu go raibh sé ag teacht faoina gcoinne. Ba leor sin acu. D'imigh siad leo thar muir ar ais go hAlbain. Ach ansin féin cha raibh Naoise sásta. Bhí a fhios aige go raibh na boic shaibhre sa cheantar taobh thiar den dúnmharú. Bhí air díoltas a bhaint amach. Charbh fhada go raibh seans aige.

Bhí aonach Bhéal Feirste ann ar an chéad Luan de gach mí. Cha raibh ach bóthar amháin ag dul isteach go Béal Feirste sa cheantar sin. Maidin dheas ghrianmhar a bhí ann. Bhí gach rud ciúin. Bhí aoibh ar na sléibhte agus bhí na plandóirí ag dul isteach ina nduine agus ina nduine chuig an aonach. Bhí muca le cuid acu, capaill le cuid eile agus airgead go leor acu uilig le díol agus le ceannach. Tháinig an chéad Albanach an bealach go luath an mhaidin sin. Bhí sé faoi thrí mhíle de Bhéal Feirste nuair a stop Naoise agus Tarlach é.

"Dom d'airgead agus tar anuas den chapall," arsa Naoise, ag díriú a ghunna ar an fhear eile. Cha raibh an dara rogha aige. Cheangail Seán Bán é le téad agus cuireadh na capaill i bhfolach. Rinne siad amhlaidh le seachtar acu an lá sin. Fir shaibhre a bhí ann agus chaill siad cuid mhór an lá céanna.

Fágadh iad ceangailte agus chuaigh Naoise, Tarlach agus Seán Bán isteach go Béal Feirste. Dhíol siad ba, caoirigh, muca agus capaill an lá úd. Bhí an áit lán dragún ach nach raibh aithne acu ar Naoise ná ar a chairde. Shiúil siad fríd an slua i mBéal Feirste an lá sin agus ceist ná ceist char cuireadh orthu. Leis an airgead a fuair siad an lá sin chuaigh siad a fhad leis an Bhaintreach Jacques agus d'fhág siad neart aici le tabhairt do na bochta. D'fhág siad slán aici óir mheas Naoise go mbeadh an taobh sin tíre róthe acu agus ar ndóigh bhí an

a thógáil. Chaith sé tamall ag iascaireacht agus phléigh sé a phlean lena chairde. D'aontaigh Ragnall agus Ruairí Ó Murchú leis.

"Beidh orainn bheith iontach cúramach," arsa Domhnall Rua Mac Amhlaoibh. "Má fhaigheann siad amach fúinn beidh deireadh linn. Crochfar sinn. Bí cinnte go bhfuil na pleananna s'agat go beacht."

"Cén sórt saoil atá anois againn?" arsa Naoise. "Ar mhaith leat bheith beo mar seo go deo? Níl saol ar bith againn anois agus tá mise á inse duit nach mbeidh saol ar bith acu ach oiread. Is gadaithe gan náire iad! Scrios orthu!"

Oíche amháin seachtain ina dhiaidh sin chuaigh Naoise agus a chairde ar ais go dtí an teach. Bhí na dragúin ann ar fad.

"Shíl mé gur dhúirt tú go raibh siad ar shiúl," arsa Naoise le Seán Bán Mac Giolla Coille.

"Bhí, bhí mé anseo aréir agus arú aréir agus cha raibh iomrá ar bith orthu," arsa Seán Bán.

"Cad é a dhéanfaidh muid anois?" arsa Tarlach Maol.

"Dhéanfaidh muid mar atá socraithe againn. Níl ann ach go mbeidh téad de dhíth chun na dragúin a cheangal. Gheobhaidh mise agus Ragnall an bheirt sin atá chun tosaigh. Gheobhaidh Seán s'againne agus Seán Bán an fear eile atá ar chúl an tí. Fanfaidh Tarlach anseo ag faire. Ní rachaidh duine ar bith isteach sa teach go bhfuil na dragúin ceangailte againn. An gcluin sibh sin?" arsa Naoise.

Chuaigh Naoise agus Ragnall ar aghaidh a fhad leis an bhalla a thóg na plandóirí. Bhí sé ard go leor ach dhreap an bheirt an balla agus sheas siad sa dorchadas ar an taobh eile. Bhí siad chomh ciúin le dhá chat. Cha dtug na dragúin faoi

deara iad. Bhí cloch an duine acu. Shleamhnaigh siad go bun an tí agus sheas ann gan gíog ná míog astu. Bhí Naoise faoi shlat de dhuine acu.

"Tá mé ag dul isteach le greim a fháil le hithe," arsa fear acu. "Ní tharlóidh mórán anocht. Ní bheidh mé i bhfad." D'imigh sé isteach sa teach. D'fhan Naoise bomaite. Bhuail sé an dragúin eile ar an cheann leis an chloch a bhí ina láimh aige. Thit sé ach fuair Naoise greim air sular bhuail sé an talamh. Cheangail siad é agus chuir siad ina luí é, in áit dhorcha faoin bhalla. Nuair a tháinig an dara fear ar ais rinneadh amhlaidh leis. Faoin am seo bhí an fear eile ceaptha ceangailte ag Seán agus ag Seán Bán. Bhí na plandóirí anois faoi bhois an chait ag Naoise!

Chruinnigh Naoise agus na fir óga eile ag an doras.

"Rachaidh muid isteach anois. Ach ná déanaigí dearmad. Ná maraigh duine ar bith. Cuirfidh muid an ruaig orthu agus ní bheidh leithscéal ag na dragúin ná ag na plandóirí ár muintir a mharú. An dtuigeann sibh sin?" arsa Naoise os íseal.

"Tuigim," arsa gach diúlach acu. Isteach leo. Bhí Lennox ina shuí cois tine agus é ag amharc isteach inti.

"Cad é seo?" ar seisean. Ansin d'aithin sé Naoise.

"Fóir orm! A mhic, cá bhfuil tú? Cá bhfuil na dragúin?"

"Druid do bhéal agus suigh síos," arsa Naoise. "Cá bhfuil do mhac?"

Leis sin osclaíodh doras na cistine agus rith Boyd Lennox amach. Chnag sé Naoise, agus thit seisean go talamh. D'éirigh sé agus thosaigh eatarthu. Lig Naoise dá chlaíomh titim go talamh mar nach raibh sé ag iarraidh an plandóir a mharú. Lig bean Lennox béic aisti agus í ag screadach in ard a cinn.

agus chaith siad an lá ar fad ann. Tháinig siad ar an phluais ach bhí obair na gcairde déanta chomh maith sin gur mheas na dragúin nach raibh duine sa phluais sin leis na cianta roimhe sin.

"Sílím go raibh Gillinan bocht as a mheabhair ar fad," arsa an t-oifigeach. "Chan fhuil iomrá ar bith anseo ar an fhear sin Ó hEocháin." D'imigh siad leo.

Idir an dá linn d'inis Naoise don bhaintreach go raibh áit uathu ar feadh cúpla seachtain nó go raibh na dragúin sa tóir orthu agus go raibh sos de dhíth air féin agus ar a chuid cairde. Ag an am seo thosaigh Naoise ag smaoineamh dáiríre ar imeacht thar sáile. Phléigh sé seo leis an bheirt eile. Bhí siad idir dhá chomhairle. Cha raibh mórán acu fágtha. Bhí na plandóirí agus a gcairde ag teacht isteach sa tír go fóill. Bhí na carcacha lán Gael agus bhí cuid mhaith acu curtha chun báis. Bheadh orthu slán a fhágáil ag a dteaghlach. Bhrisfeadh sin croí mháthair Naoise. Bhí a fhios aige sin. Bhí plean acu dul siar go Doire agus bád a fháil a fhad leis an Oileán Úr. Bheadh sé furasta acu an t-airgead a fháil agus saol úr nua a thosú. Bhí an socrú seo déanta acu nuair a tharla rud ínteach a d'athraigh na pleananna.

Bhí na hAlbanaigh go fóill ag goid agus ag cur na nGael chun bóthair. Bhí fear amháin i Lag an Aoil a raibh feirm mhaith aige. Rinneadh iarracht nó dhó é a chur amach agus an fheirm a ghoid ach dhiúltaigh sé imeacht in ainneoin an chur isteach seo. Ach tharla rud uafásach dó. Bhí sé ag obair sna cuibhrinn maidin amháin agus tháinig sé ar ais chuig an fheirm ag am lóin. An rud ar tháinig sé air, chuir sé uafás agus alltacht air. Bhí a bhean agus a chuid páistí ina luí marbh roimhe! Bhí an fear bocht chomh cráite sin gur chroch sé é féin ó chrann ar chúl an tí. Bhí an oiread sin uafáis ar Ghaeil na háite gur inis Naoise dá chairde nach dtiocfadh leis imeacht

ghearr sé trasna na habhann. Mhínigh sé go raibh Gillinan ag obair leis na dragúin agus gur mheas sé gur inis Gillinan do na dragúin go raibh Naoise ag fanacht i mBaile an Draighin nó sa ghleann.

D'fhág siad an gleann agus d'fhág siad slán ag Aindreas. Bhog siad leo trasna an tsléibhe. Shiúil siad leo go raibh an oíche ag titim. Faoin am seo tháinig siad go cró tí ar thaobh cnoic. Bhuail Naoise ar an doras.

"Cé atá ann?" arsa an guth istigh.

"Na Gaeil," arsa Naoise. D'oscail seanbhean an doras. An Bhaintreach Jacques a bhí ann.

"Isteach libh. Suígí síos. Ar mhaith libh gogán bainne agus arán baile?"

"Ba bhreá linn," arsa Naoise, á chaitheamh féin ar sheanstól cois tine.

Char chuir an tseanbhean ceist ar bith orthu. Bhí a fhios aici gur chuidigh na fir seo léi minic go leor agus go raibh siad go maith do na bochta. Ba leor sin aici. Cha raibh a teach rómhór ach bhí sé compordach agus te agus luigh na fir ar an urlár. Charbh fhada go raibh siad ina gcodladh.

Bhí an ceart ar fad ag Naoise. An oíche sin féin tháinig na dragúin a fhad le Baile an Draighin. Mhúscail siad a raibh san áit agus iad ag dul ó theach go teach ag ransú agus ag caitheamh troscáin bun os cionn. Nuair a tháinig siad a fhad le teach Aindréis bhris siad isteach an doras. Tharraing siad Aindreas amach as a leaba féin. Bhuail dragún amháin é go holc ach stop fear eile é. D'fhan siad ann go raibh ball bán ar an lá ach tásc ná tuairisc de Naoise cha bhfuair siad. Nuair a bhí an ghrian go hard sa spéir an lá dár gcionn chuaigh siad isteach sa ghleann. Shiúil siad an dá thaobh den abhainn

Bhuail Naoise Boyd lena dhorn cúpla iarraidh agus thit sé ar an talamh. Chuir Naoise codladh púicín air. Thit an mháthair i laige. Bhí sceimhle ar Lennox anois. D'agair sé trócaire ar Naoise.

"Éirigh, a shreamaide gan úsáid. Ní baol duit anseo. Is Gaeil sinn agus tá onóir againn. Glanaigí amach as an teach seo anois."

Chuaigh siad amach. D'fhan Tarlach leo sa chlós.

Labhair Naoise le Seán sa teach.

"Tóg na rudaí beaga is linne. Beidh Mamaí sásta leis an méid sin ar a laghad."

"An gá dúinn seo a dhéanamh?" arsa Seán agus é idir dhá chomhairle, dar leat.

"Is gá. Níl cead againn theacht ar ais anseo. Tá an chuid sin dár saol thart. Má fhanann sé mar atá tiocfaidh na plandóirí ar ais. Caithfidh muid an áit a chur trí thine!"

Bhailigh Seán mionphíosaí a mháthar agus d'imigh leis.

D'fhan Naoise sa chistin ar feadh tamaill. Stán sé ar an seomra agus é ag cuimhneamh ar laethanta a óige. Na laethanta deasa soineanta nach mbeadh arís ann. Tháinig deora lena shúile nuair a smaoinigh sé ar an ghníomh a bhí sé ar tí a dhéanamh. Bhris sé cúpla píosa adhmaid agus chuir sé an áit trí thine. Rinne sé an rud céanna sa seomra suí. Charbh fhada go raibh an áit ar fad lasta.

"Imeoidh muid anois in ainm Dé," arsa Naoise leis na fir eile.

"Las an scioból chomh maith agus scaoil an t-eallach is na capaill saor, a Naoise," arsa Seán. Rinneadh sin.

"Dá mbeinn féin in bhur n-áit cha dtiocfainn ar ais anseo

a choíche go deo," arsa Naoise le muintir Lennox. "Ní gadaithe muidinne. Ba linne an teach seo. Thóg tú uainn leis an láimh láidir é. Ach abair le bhur gcairde go mbeidh muid ar ais agus nach mbeidh deireadh leis seo go dtéann sibh uilig trasna na mara abhaile."

D'imigh siad leo fríd an choill agus gach aon liú áthais astu.

Sheas Lennox ansin agus é ar crith le heagla. Bhí a bhean ag caoineadh agus cha raibh a mhac ar ais aige féin go fóill.

"Fan thusa anseo le do mháthair. Cad é a tharla do na dragúin sin? Cá bhfuil siad?" Chuala sé scairt sa dorchadas. Fuair sé an triúr acu ceangailte. Scaoil sé saor iad agus chuaigh an triúr acu chuig an bheairic ar an Sceir Bheag.

"Cad é a dúirt mé leat, a amadáin?" arsa Lennox ag briseadh isteach i seomra na n-oifigeach sa bheairic. "Nár inis mé duit go mbeadh sé ar ais?"

"Cad é atá ort?" arsa an t-oifigeach.

"Naoise Ó hEocháin! Dhóigh sé mo theach agus mo scioból agus dúirt liom go mbeadh sé ar ais. Agus cá raibh tusa? Bhí tú i do shuí ar do thóin anseo nuair a bhí an dúnmharfóir agus a chairde do m'ionsaí."

"Ar mharaigh sé duine agaibh?"

"Char mharaigh. Chuir mise agus mo mhac an ruaig air sula raibh seans aige."

An oíche ina dhiaidh sin bhí cruinniú sa bheairic. Bhí Andrew Lennox agus a mhac ann agus iad ar fad ar buile. Cuireadh ceist orthu ar aithin siad duine ar bith, an bhfaca siad aghaidh, agus dá réir sin.

Caibidil XII Aonach Bhéal Feirste

D'imigh Naoise leis. Chonaic sé Gillinan ag léim isteach san abhainn ach stad ná staonadh ní dhearna sé. Bhí sé den bharúil go mbeadh droichead in aice na háite. Cha raibh a fhios aige go raibh na dragúin ag iarraidh Gillinan a fháil amach as an abhainn. Rith sé an méid a bhí ina chorp ach bhí sé buailte amach. Shuigh sé síos i gcoill bheag in aice le Má Luain. D'fhan sé ansin ar feadh uaire agus bhog sé leis ag sodar trasna na bpáirceanna gur bhain sé Baile an Draighin amach arís. Chuaigh sé caol díreach chuig teach Aindréis. Bhí sé ag iarraidh labhairt le Seán Bán agus Tarlach. Bhí Aindreas sa bhaile lena mháthair.

"Tar isteach," arsa Aindreas agus lúcháir air Naoise a fheiceáil arís.


"Chan fhuil bomaite agam. Cá bhfuil Seán Bán agus Tarlach? Tá muid i dtrioblóid mhór," a mhínigh Naoise.

"Is dóigh liom go bhfuil siad sa ghleann ag fanacht leatsa. Cad é atá cearr leat?" arsa Aindreas.

"Tá a fhios ag na dragúin go bhfuil muid faoi Bhéal Feirste. Tá seans go bhfuil a fhios acu go bhfuil muid faoi Bhaile an Draighin. Caithfidh muid bogadh arís. Ach tá plean agam."

Chuaigh an bheirt acu a fhad leis an phluais sa ghleann agus bhí an bheirt eile ann rompu. D'ordaigh Naoise dá chairde an áit a ghlanadh amach agus mionrudaí a lasadh sa dóigh nach mbeadh fianaise ar bith ann go raibh na cairde ag stopadh ann. Bhí siad gnaitheach ar feadh uaire nó mar sin ag déanamh mar a d'iarr Naoise orthu. Agus iad gnaitheach mhínigh Naoise faoin rás agus faoin éalú agus faoin léim a

ach bhí an abhainn domhain agus láidir agus scuabhadh Gillinan ar shiúl. Scream sé agus d'impigh sé ach cha dtiocfadh leo cuidiú leis. Fuarthas a chorp níba mhoille an lá sin ar bhruach na habhainn in aice le Béal Feirste.



Naoise ag léim trasna an Lagáin

"Bhí Ó hEocháin agus a dheartháir ann," arsa Lennox.

"Cé acu?" arsa fear a raibh Gillinan air.

"Chan fhuil a fhios agam," arsa Lennox. "Nach cuma? Nach bhfuil siad uilig mar an gcéanna?"

"Cé eile a bhí leo?" arsa an t-oifigeach.

Ainmníodh Tarlach Maol agus Ragnall Dubh. Bhí daoine eile ina gcuideachta ach nach raibh na hainmneacha acu.

"Beidh siad sin sna Glintí ó thuaidh uaidh seo," arsa an t-oifigeach. "Chan fhuil dlí s'againne i réim ansin. Mar sin de ní féidir mórán a dhéanamh. Ach ina ainneoin sin dúirt Ó hEocháin go mbeadh sé ar ais. Bhal, beidh muid ag fanacht leis agus ceapfar é luath nó mall."

An lá arna mhárach d'eisigh an t-oifigeach barántas i gcoinne Naoise agus a chuid fear.

We the grand jury present Shane Oge O'Haughan and Neece O Haughan, both of Braid, and Daniel Roe McAuley of Ballyeman in the barony of Glenarm and Tarl Meal Reachtain and Randall Dhu Agnew of the Skerries to be Notorious Rogues and Robbers out upon their keeping and not amenable to the law and refuse to be brought to justice.

"Cha dtuigim seo ar chor ar bith," arsa Naoise. "Chan fhuil Béarla ar bith agam. Chan fhuil agam ach an 'peasant patois.'"" Ach lig sé gáire.

"Tá sé mar seo," arsa Ragnall Dubh. "Tá na plandóirí ár lorg agus má fhaigheann siad greim orainn beidh ár gcosa nite!"

Caibidil V

Donnchadh

Bhí na plandóirí ar buile. Dódh tithe eile. D'imigh a gcapaill i lár na hoíche. Dódh páirceanna. Cad é a bhí ag tarlú? Cá raibh na dragúin? Cad chuige nach raibh siad in inmhe rud ar bith a dhéanamh? Dódh teach Raghnaill Dhuibh go talamh. D'aithin na plandóirí Ragnall é féin agus dúirt go raibh Naoise agus Seán Ó hEocháin leis. Bhí an ceantar anois contúirteach ag Naoise agus ag a chairde. Bhí teach úr faighte aige dá thuismitheoirí ar eagla go mbeadh na plandóirí ag iarraidh díoltas a bhaint amach. Lean Naoise agus a chairde den obair seo i rith an gheimhridh. Bhí an aimsir go holc agus bhí na bóithre go dona. Bhí eolas ag na Gaeil ar an cheantar agus na cúlhbhóithre ar eolas acu. Bhí siad slán sna Glinntí. Cha raibh na plandóirí ábalta a leanúint mar nach raibh bóthar ag dul isteach chuig na Glinntí.

D'íoc na plandóirí go daor as a ngadaíocht an geimhreadh sin. Cuireadh an ruaig ar chuid mhór acu. D'imigh go leor acu ar ais go hAlbain. Tháinig tuilleadh dragún isteach sa cheantar agus nuair a bhí siad ansin bhog Naoise agus a chairde chuig ceantar eile agus thosaigh siad ar an obair chéanna. Bhí siad ag cur isteach ar na dragúin agus thaitin sin go mór leo.

Bhí sceimhle ar na plandóirí faoin am seo. Phléigh siad an trioblóid cois tine san oíche. Chuir ainm Naoise eagla orthu. Bhí orthu rud éigin a dhéanamh. Sa deireadh chuir siad grúpa le chéile chun Naoise agus a chuid fear a cheapadh. Bhí Gillinan i mbun an ghrúpa seo. Tugadh capaill, bia agus airgead dó féin agus dá ghrúpa. Cha raibh obair ar bith eile le déanamh acu ach a bheith ag iarraidh Naoise a cheapadh. Bhí tús maith lena gcuid oibre.

Bhí deartháir óg ag Naoise a raibh Donnchadh air. Nuair

"Tá sé againn!" a scairt Gillinan. Bhí scaoll ar Naoise. Cha raibh idir é féin agus cnoc a bhí míle uaidh ach talamh mín. Bhí Gillinan faoi leathmhíle de. Rith sé an méid a bhí ina chorp. Cha raibh ach caolseans aige ach b'fhearr an caolseans ná bheith crochta. Ghuigh sé chun Dé agus shín leis. Bhí na dragúin faoi cheathrú mhíle de anois. Ar aghaidh leis, a chosa ag éirí níba laige i rith an ama. Ar éigean a bhain sé mullach an chnoic amach agus d'amharc sé ar an taobh eile. Bhí beann ann. Léim Naoise. Char bhris sé cos ar bith an iarraidh seo. Ach char stop Gillinan ach oiread. Bhí siad ar bharr Dhuibhise anois agus bhí an talamh róbhog do na capaill. Fágadh beirt dhragún chun aire a thabhairt do na capaill agus d'imigh Gillinan agus na fir eile de chois. Rith Naoise leis fríd na portaigh, thar srutháin agus síos lintéar Dhuibhise a fhad le bealach ag dul i dtreo Bhéal Feirste. Bhí na dragúin ina dhiaidh agus Gillinan ag an deireadh ar fad. Rith Naoise síos Cnoc Rí na bPíobairí agus lean sé leis trasna Chluain an Phortaigh gur tháinig sé a fhad le hAbhainn mhór an Lagáin. Ba leathan fairsing an abhainn í. Ba chuma le Naoise. Rith sé agus rith sé ina treo gur léim sé suas san aer mar bheadh éan spéire ann. A leithéid de léim chan fhacthas ariamh ná ó shin! Stad na dragúin. Baineadh siar astu. Bhí siad ag amharc air ach char chreid siad é. Cha dtiocfadh le neach beo an léim sin a ghearradh. Thit Naoise ar a dhá chois ar an taobh eile. Bhí feirmeoir ag obair i gcuibhreann taobh leis an abhainn.

"Chan fhaca mé léim mar sin ariamh," arsa an feirmeoir agus a sháith iontais air.

"Chan fhaca," arsa Naoise, " agus chan fhaca tú fear a rith tríocha míle sular léim sé."

Bhí seo uilig barraíocht ag Gillinan. Rith sé leis agus rinne iarracht an léim chéanna a dhéanamh. Thit sé isteach i lár na habhann agus rinne iarracht snámh chuig an taobh eile,

Bhí siad réidh le Naoise a leanstan taobh istigh de dheich mbomaite. D'imigh siad leo sna featha fásaigh. Bhí cúpla míle idir Naoise agus na dragúin faoin am seo. Cha raibh eolas an bhealaigh go beacht aige ach lean sé leis agus choinnigh sé é féin sna coillte. Lean sé na cosáin bheaga agus bhí sé ag rith ar feadh uaire nó mar sin nuair a chuala sé trup na gcapall ar a chúl. Léim sé isteach sa choill i bhfad ón chosán agus luigh sé i measc na dtom agus eagla air anáil a tharraingt. D'éist sé leis na capaill agus d'fhan ina luí ar an talamh. Cha raibh smiog ná smag as go ceann tamaill bhig. Bhí sé réidh le héirí arís nuair a thug sé faoi deara go raibh na dragúin ag teacht ar ais an bealach.

"Caithfidh go bhfuil sé anseo," arsa Gillinan. "Ní thig le haon neach beo rith chomh gasta sin. Deirim libh go bhfuil sé anseo sa choill. Tógfaidh muid sos óir tá na capaill tuirseach."

Bhog Naoise go formhothaithe fríd an choill gur tháinig sé amach ar an taobh eile. Shín sé chun rása agus d'imigh sé leis gur tháinig sé a fhad le hAbhainn na bhFeadh. Cha raibh sé rófhada ó Bhaile an Chláir. Bhí cúig mhíle déag curtha de ó bhí an mhaidin ann. Ba dhoiligh dó seo a chreidbheáil. Bhí an abhainn fada leathan ach ba chuma leis. Bhí bua an tsámha aige. Bheadh ar na dragúin droichead a aimsiú. Tháinig sé amach ón abhainn ar an taobh eile agus shlog coill bheag ann é.

Bhí Gillinan ar an daoraí!

"Tá sé ag dul ó dheas go Baile an Draighin ar shléibhte Bhéal Feirste. Is cuma faoi bheith ina dhiaidh. Ar aghaidh linn go Sléibhte Bhéal Feirste."

Bhí Naoise anois faoi radharc Dhuibhise. Bhí Dún Eadraigh fágtha ina dhiaidh agus bhí sé ag tarraingt ar Chill Fhaod nuair a mhothaigh sé trup na gcapall ina dhiaidh.

a bhí sé ina ghasúr bhí sé iontach tinn. Bhí sé ina luí ar feadh sé mhí agus é an-óg. Shíl a mháthair nach dtiocfadh sé slán amach as. Tháinig biseach air ach cha raibh sé riamh iontach láidir. Cha raibh sé ar altramas agus d'fhan sé sa bhaile. Bhí a mháthair iontach doirte dó, ní nach ionadh. Bhí greann ann agus choinnigh sé a mháthair ag gáire nuair a bhí a saol ag teannadh uirthi. Déanta na fírinne bhí Donnchadh millte ag a mháthair. Bhí sé lag sa chorp ach iontach láidir ina croí istigh. Ghoill sé go mór air go raibh a thuismitheoirí cráite ag na Gaill agus labhair sé le Naoise faoi.

"Ba mhaith liom dul amach leat oíche éigin go mbainfinn díoltas amach. Cha dtig liom amharc ar mo mháthair ag caoineadh oíche i ndiaidh oíche. Tá orm rud éigin a dhéanamh faoi."

"Chan fhuil mé a rá nach bhfuil fáilte romhat ach nach fearr i bhfad anseo thú lenár máthair? Dá dtarlódh rud ar bith duit bhrisfeadh sé a croí. Fan mar a bhfuil tú. Tá go leor fear againn," a chomhairligh Naoise dó. Ach níor stad sé. Lean sé den chaint seo go dtí sa deireadh gur ghéill Naoise dó.

"Maith go leor, ach ní dhéanfaidh tú ach uair amháin é agus ansin fanfaidh tú sa bhaile. An bhfuil sin soiléir agat?"

"Tá," arsa Donnchadh agus lúcháir air.

An oíche sin chruinnigh Naoise agus a chuid fear le chéile. Bhí robáil le déanamh ar an lá arna mhárach.

"Tá plandóir amháin ann," arsa Naoise, "a bhfuil Gillinan air. Tá sé i mbun grúpa atá curtha le chéile acu lenár gceapadh. Caithfidh muid ceacht a theagasc dó. Ceacht nach ndéanfaidh sé dearmad air a choíche!"

Rinneadh an plean amach agus chuaigh siad a luí. Bhí siad go léir ina suí nuair a bhí ball bán ar an lá. Bhí cónaí ar

Ghillinan ar an Bhráid i dteach Ruairí Uí Mhurchú. Bhí Ruairí le grúpa Naoise an mhaidin sin. Bhí a fhios acu go dtéadh Gillinan isteach go dtí an Baile Meánach go luath gach maidin. Cha bhíodh duine ar bith leis. Rinne siad luíochán roimhe leathbhealaigh idir an Bhráid agus an Baile Meánach.

Léim Naoise amach ar an chasán roimhe.

"Stad!" a scairt Naoise.

"Cé a shíleann tú is tú?" arsa Gillinan go hardnósach.

"Nach bhfuil a fhios agat cé mise?" arsa Naoise ag magadh faoi. "Is mise Naoise Ó hEocháin. Cluinim go bhfuil tú ag iarraidh labhairt liom. Bhal, seo seans s'agat. Labhair anois liom."

Tháinig eagla nach beag ar Ghillinan i dtobainne. Bhog sé go neirbhíseach ar an diallait. Bhí na fir eile cruinn thart air anois.

"An bhfuil tú chun mé a mharú?" arsa Gillinan.

"An síleann tú go bhfuil? Tá sibhse ár marú lá agus oíche. Níl cead againn cónaí inár dtithe féin. Níl cead againn dul ar Aifreann ná níl cead againn ár dteanga féin a úsáid. Níl cead againn na gunnaí seo againn a iompar."

D'amharc Gillinan thart ar na fir eile. Fir óga uilig iad. Bhí a n-aghaidheanna clúdaithe agus níor aithin sé duine ar bith acu.

"An bhfuil cead agam paidir a rá?" ar seisean.

"Abair leat, ach bain do chóta agus do léine agus do bhróga díot. Tá siúlóid fhada romhat agus ba mhaith linn go mbeadh sí míchompordach agat."

Tógadh anuas dá chapall é agus ceanglaíodh a lámha ar chúl a dhroma. Cha raibh air ach a bhríste. Bhí Naoise ag

"Tá Naoise Ó hEocháin sa cheantar seo. Tá a fhios againn go bhfuil. An raibh sé anseo?"

"Cha raibh," arsa fear an tí.

Shleamhnaigh Naoise amach as an teach a fhad le coill bheag a bhí faoi chéad slat den teach. D'fhan sé ansin ag meabhrú. Bhí na dragúin achan áit. Cha raibh capall ar bith aige ná seans aige ceann a fháil. Cha raibh rogha aige. Dá mba mhian leis pilleadh ar shléibhte Bhéal Feirste bheadh air rith ann! D'fhan na dragúin sa cheantar ar feadh uaire nó mar sin. Nuair a shíl Naoise go raibh siad imithe thosaigh sé ag rith ó dheas. Bhí sé breá aclaí agus é ag sodar go measartha gasta nuair a tháinig sé thart ar chasadh beag ar an bhóthar agus cad é a bhí roimhe ach triúr dragún ag caint lena chéile ar thaobh an bhóthair! D'aithin fear acu láithreach é.

"Sin é," a scairt sé. "Sin Naoise Ó hEocháin é féin." Rith sé chuige ach shín Naoise lena dhorn é agus thiontaigh sé ar a shála agus d'imigh leis ar nós na gaoithe.

"Scríos orthu," arsa Naoise leis féin. Tá a fhios acu go bhfuil mé anseo anois. Ní fada go mbeidh siad ar fud na háite."

Dar leis go rachadh sé ar aghaidh ó dheas ar an talamh garbh mar nach mbeadh na capaill chomh gasta ansin. Rith an bheirt eile ina dhiaidh ach d'fhág sé iad i bhfad ar a chúl. Thug sin a chroí dó.

Thiontaigh na dragúin agus phill siad ar an cheantar agus iad ag cuartú Ghillinan. Bhí lúcháir an domhain air nuair a chuala sé seo.

"Tá sé agam sa deireadh. Ó dheas atá sé ag dul? Chan fhuil rud ar bith idir seo agus Loch Lao ach talamh garbh is coillte. Bailígí le chéile!" a scairt sé.

nó ag inse scéalta. Sciob an ulpóg sa deireadh é, ach bhí a chroí briste i bhfad roimhe sin," arsa a mháthair agus deora ina súile aici. "Suigh síos agus inis dúinn faoi do shaol ó d'fhág tú muid."

Shuigh an bheirt cois tine agus chaith siad oíche fhada chomhrá agus Naoise ag inse di faoin dóigh ar thit sé agus ar bhris sé a chos. Mhínigh sé di go raibh cairde maithe aige faoi shléibhte Bhéal Feirste. D'fhan Naoise ag a mháthair ar feadh seachtaine gan dul in aice lena theach féin. Bhí a fhios aige go mbeadh spiodóirí ag Gillinan ag coimhead an tí. Ach sa deireadh chuaigh scéal thart go raibh Naoise ar ais sa cheantar. Tháinig an scéal chuig Gillinan gan mhoill.

"Bhí a fhios agam nach raibh an rógaire sin marbh. Nach dána amach é? Ag teacht ar ais anseo. Tá sé ag magadh fúm arís. Chuaigh sé rófhada an iarraidh seo. Beidh a chorp crochta i gCarraig Fhearghais agam!"

Lá arna mhárach bhí an ceantar breac leis na dragúin. Bhí a gcótaí dearga le feiceáil ar achan bhóthar, ag achan gheata, ar achan lána sa cheantar. Chuaigh siad ó chró go cró ag cur troscán bun os cionn agus ag briseadh doirse agus fuinneog.

D'amharc Naoise amach ar an fhuinneog agus chonaic sé dragún amháin ag teacht a fhad leis an chró tí.

"Scrios Dé orthu. Beidh orm imeacht."

Phóg sé a mháthair, d'fhág slán aici agus amach an cúldoras leis. Buaileadh cnag ar an doras. Ligeadh an dragún isteach.

"Cá bhfuil an bithiúnach?" arsa an dragún ag siúl isteach an doras dó.

"Cad é atá uait?" arsa fear an tí.

magadh faoi.

"Abair le do ghrúpa nuair a shroichfidh tú an Baile Meánach go ndearna Naoise Ó hEocháin seo. Abair leo chomh maith nach mbeidh spionn chomh greannmhar seo ionainn as seo amach. Imigh leat, a ghadaí."

Ar a haon déag an mhaidin sin shiúil Gillinan isteach ar an Bhaile Meánach. Bhí sé báite salach. Bhí sé clúdaithe le clábar an bhóthair. Stad daoine agus d'amharc siad air le hiontas. Bhris cúpla páiste óga amach ag gáire. Chuir a dtuismitheoirí stad leo. Ar aghaidh leis a fhad leis an bheairic agus náire air. Stán muintir an bhaile air. Nuair a shiúil sé isteach san oifig bhí an t-oifigeach ag scríobh ag an deasc.

"In ainm Dé cad é a tharla duit?' arsa an t-oifigeach.

"Ó hEocháin, bhain sé m'éadaí díom. Thóg sé mo chapall agus mo chuid airgid. Rinne sé ábhar magaidh díom. Tá mé náirithe os comhair an bhaile."

Tugadh folcadh dó agus cuireadh éadaí eile air. Shíl daoine go raibh seo greannmhar ach bhí Gillinan daingean ina chroí go mbeadh díoltas aige amach anseo. Faoin am seo bhí Naoise agus a chairde ar ais sna Glinntí agus iad ag gáire leo. Roinn siad an t-airgead leis na bochta agus tugadh an capall d'fheirmeoir i gCois Abhann Doinne.

Bhain Donnchadh an-sult as an lá agus d'inis sé an scéal dá mháthair. Bhí sí sna tríthí ag gáire faoi.

I gceann seachtaine nó dhó rinneadh dearmad de. Lá amháin chuaigh Donnchadh isteach go dtí an Baile Meánach. Ní raibh eagla ar bith air mar nach raibh aithne ag duine ar bith air. Bhí sé chun plúr a cheannach dá mháthair. Shiúil sé isteach ar an bhaile gan rud ar bith ag cur isteach ná amach air. Shiúil sé síos suas sráid an bhaile bhig. Ba ghnáth leis na

Gaeil cónaí san áit bheag seo ach tháinig athrú iontach ar na mallaibh. Ba leis na plandóirí an áit anois. Bhí siopaí agus tithe an bhaile i seilbh na bplandóirí. Cha raibh focal Gaeilge le cluinstitín aige. Bhí na dragúin gach áit. Bhí cuid acu ag caint leis na daoine úra a tháinig le cúpla bliain anuas agus cuid eile ag stopadh agus ag ceistiú na nGael. Chuaigh sé isteach i siopa amháin agus cheannaigh sé plúr dá mháthair. Amach leis agus suas an bóthar ar a bhealach chun an bhaile. Cha raibh ach cúpla céad slat idir é féin agus an siopa nuair a chuala sé guth ag scairteadh air, "Stop!" Stad sé agus thiontaigh sé thart. Bhí Gillinan ina sheasamh i lár an bhealaigh mhóir. Cad é a dhéanfadh sé? An rithfeadh sé? An mbeadh sé in inmhe éalú? Cad chuige a raibh sé buartha? Bhí sé cinnte nár aithin Gillinan é an lá úd. Stop sé.

"Cad é atá ort?" ar seisean go soineanta, dar leat.

Tháinig Gillinan a fhad leis.

"Cad é an t-ainm atá ort?" arsa Gillinan.

"Donnchadh atá orm," arsa an fear óg.

"Cad é an sloinne atá ort?"

"Ó Gallchóir," arsa Donnchadh, ag inse bréige dó.

"Nach bhfuil aithne agam ort?"

"Cha shílim é, cha bhím anseo go minic," arsa Donnchadh. Thuig sé go raibh rud éigin as áit.

"An bhfuil aithne agat ar Naoise Ó hEocháin?" arsa Gillinan.

"Chuala mé iomrá air, ach chan fhaca mé riamh é. Is fear trioblóideach é agus ní maith liom an sórt sin duine. Tá deifir orm: tá bealach fada romham," arsa Donnchadh agus imní ag teacht air.

an Mhac Tíre in aice le Béal Feirste.

Go luath sa tsamhradh tháinig scéala chuig Naoise go bhfuair a athair bás. Bhí a fhios aige go mbeadh a mháthair cráite. Chuir sé scéala chuici go raibh sé ar a bhealach ach gan a bheith buartha, nach rachadh sé chun tí chuici. Chuala Gillinan go bhfuair athair Naoise bás.

"Chan fhuil fágtha anois ach an mháthair," arsa bean Ghillinan leis maidin amháin.

"An dóigh leat? Ní bhfuarthas corp Naoise ariamh. Tá seans ann go bhfuil sé beo ar fad," arsa Gillinan.

"Muna bhfuil sé marbh tá sé thar sáile i dtír éigin eile."

"Cha bheinn chomh cinnte sin," arsa Gillinan. "Cuirfidh mé cúpla fear chun tí s'acu á choimhead. Cha bheadh a fhios agat."

Chuir Naoise scéala chuig a mháthair go raibh sé ar a bhealach agus go bhfeicfeadh sé í san oíche ag teach carad leo. Bhí an mháthair ann sa teach ar feadh leathuaire nuair a buaileadh cnag ar an doras. D'oscail fear an tí an doras agus isteach le Naoise.

"Arú, a chroí, cad é mar atá tú?" arsa a mháthair ag tabhairt croí isteach dó.

"Tá mé chomh folláin le breac. Cén dóigh atá ort féin, a Mhamaí?" arsa Naoise.

"Tá mé i gceart anois. Bhí d'athair ar leaba an bháis ar feadh fada go leor."

"Cad é a tháinig air ar chor ar bith?" arsa a mhac.

"Bhí a spiorad briste. Fear óg saibhir lúfar aclaí a bhí ann ach ó cuireadh chun bóthair muid agus ó crochadh Donnchadh d'éirigh sé tromchroíoch inníoch. Stad sé de bheith ag gáire

Caibidil XI

An Rás Fada

Chaith Naoise sé mhí ina luí idir teach Aindréis ar ghualainn an tsléibhe agus an phluais bheag sa ghleann. Bhí an geimhreadh sin fuar agus bhí an talamh sioctha sa ghleann. Luigh an sneachta ar feadh míosa. D'éirigh an áit chomh ciúin le cill. Bhog na cairde go teach Aindréis. Bhí bia agus teas le fáil ann. B'iomaí oíche scéalaíochta a bhí acu. Shocraigh siad isteach don gheimhreadh.

Bhí Gillinan sona sásta sa bhaile. Cha raibh tásc ná tuairisc ar Naoise. Bhí na Gaeil faoin Sceir smachtaithe aige. Bhí deireadh leis an ghadaíocht agus leis an chur isteach ar na hAlbanaigh. Bhí na Gaeil á ndíshealbhú aige i rith an ama agus bhí a mháistrí sona sásta leis. Chaith sé an geimhreadh sin ag guí agus ag goid.

Ach ar shléibhte Bhéal Feirste bhí Naoise ag siúl arís. Chuaigh na cairde ar ais chuig an Ghleann go luath san earrach nuair a d'imigh an sneachta. De réir a chéile d'éirigh a chos níb fhearr. thosaigh sé ag léim trasna na habhann sa ghleann. Shiúil sé na mílte ar na sléibhte. Casadh cairde maithe air. Chuir sé aithne ar dhaoine eile agus casadh plandóirí bochta air! Bhí bean amháin ann a thaitin go mór leis. Seanbhean a bhí inti agus an Bhaintreach Jacques a bhí uirthi. Bhí fear s'aici ina mhinistir a lean na plandóirí go hÉirinn. Fuair sé bás na blianta roimhe sin agus bhí an bhean bhocht fágtha léi féin gan duine ná deoraí in aice léi. Bhí sí beo óna láimh go dtína béal. D'inis Gaeil na háite do Naoise faoi dtaobh di agus d'fhág Naoise airgead i mála ar a doras di ó am go ham. Ba í a bhí buíoch. Nuair a bhíodh na cairde ag dul an bealach sin bhíodh fáilte i gcónaí rompu. B'iomaí oíche a chaith Naoise agus an bheirt eile ina cró beag tí ar Chnoc

"Tá sé níos faide ná mar a shíleann tú," arsa Gillinan. "Cá bhfuair tú na bróga sin? Is liomsa iad. Tugadh uaim iad an lá a stad Ó hEocháin agus a chairde mé tá coicís ó shin."

Chaith Donnchadh an mála ar Ghillinan agus rith sé ar nós na gaoithe ach bhí na dragúin ina dhiaidh agus ceapadh é. Tugadh go dtí an bheairic é agus cuireadh isteach i seomra beag dorcha é. Bhí sé ansin ar feadh leathuaire nuair a shiúil Gillinan agus dragún isteach. Bhí droch-chuma ar Ghillinan. Shiúil sé a fhad le Donnchadh agus bhuail sé san aghaidh é.

"Éirigh i do sheasamh. Cá bhfuair tú na bróga sin?"

"Cheannaigh mé iad i gCois Abhann Dalla," arsa Donnchadh.

"Cén siopa inár cheannaigh tú iad?"

"I siopa Mhic Neachtain."

"Bréag i ndiaidh na bréige. Bhí tusa le Ó hEocháin an lá sin, nach raibh?"

"Chan fhuil a fhios agam cad é atá i gceist agat. Chan fhuil aithne ar bith agam air," arsa Donnchadh. Buaileadh arís é. Thit sé i laige.

Bhí máthair Dhonnchaidh buartha anois. Bhí an oíche ag titim agus cha raibh iomrá ar bith ar a mac. Labhair sí le Naoise, a tháinig ar cuairt chuici níos moille an oíche chéanna.

"B'fhéidir gur casadh cairde air ar an Bhaile Meánach. Muna mbíonn sé ann ar maidin rachaidh mé ann á lorg," arsa Naoise.

"Bí cúramach tú féin," arsa a mháthair, "nó char mhaith liom beirt agaibh imithe uaim."

An mhaidin lá arna mhárach d'imigh Naoise leis isteach go dtí an Baile Meánach. Cha raibh sé ann i bhfad nuair a


chuala sé iomlán an scéil. D'aithin Gillinan a bhróga féin agus bhí barúil aige go raibh Donnchadh páirteach sa luíochán roimhe coicís roimhe sin. Bhí Donnchadh sa bheairic ach bhí sé le dul go Carraig Fhearghais níos moille sa lá. D'imigh Naoise leis an méid a bhí ina chorp gur inis sé an scéal dá mháthair. Chruinnigh sé a chuid fear le chéile agus dúirt leo go raibh orthu iarracht a dhéanamh chun an fear óg a scaoileadh saor. Cha raibh ach bóthar amháin ón Bhaile Mheánach go Carraig Fhearghais. Bhí an bóthar sin ag dul fríd Teampall Phádraig. B'ansin a dhéanfadh siad an luíochán. D'imigh siad leo ar a gcapaill. Bhí coill bheag ar thaobh an bhóthair míle taobh ó thuaidh den bhaile. Bhí crainn agus cnocáin ar an dá thaobh. Bhí cúlhbhóthar uaidh sin ó thuaidh go Sliabh Mis. Ba é seo bealach éalaithe s'acu. D'fhan siad ansin ar feadh uaire ag ullmhú don luíochán. Ardráthnóna a bhí anois ann. Bhí Naoise ag dréim le deichniúr dragún. Baineadh siar as! Bhí suas le céad acu ag comhéad an phríosúnaigh. Bhí droch-chuma ar Dhonnchadh. Ba léir do Naoise go bhfuair an stócach gríosáil agus é faoi ghlas. Ní raibh sé in inmhe rud ar bith a dhéanamh ar a shon agus ghoill sin air.

Chúlaiigh Naoise agus a chuid fear. Bhí siad san fhaopach. D'fhan siad sa choill an oíche sin. Chuaigh Ruairí Ó Murchú agus Tuathal Mac Aonghasa isteach chun na cúirte an lá arna mhárach. Níor ghlac sé i bhfad. Sheas Gillinan suas gur inis sé don bhreitheamh gur stopadh é taobh amuigh dá theach, gur tugadh a chuid airgid agus a chuid éadaí uaidh, agus go raibh air siúl isteach go dtí an Baile Meánach. Dúirt sé gur aithin sé Naoise Ó hEocháin. Dúirt sé gur tógadh a chuid bróg uaidh agus nár chuala sé tasc ná tuairisc faoi éadaí ná airgead s'aige go bhfaca sé an príosúnach ag caitheamh na mbróg an lá roimhe sin. Mhínigh Donnchadh gur cheannaigh sé na bróga i gCois Abhann Dalla an tseachtain roimhe sin

de dhíth orm mar chléithíní," arsa an fear óg. "Beidh orm do chos a shíneadh amach agus beidh sé pianmhar."

Dhírigh Aindreas cos Naoise gur cheangail sé an dá chléithín dó. B'uafásach an phian í ach cha raibh an dara suí sa bhuaile aige.

D'fhan na fir ar an sliabh an oíche sin agus chuaigh siad air ais chuig Baile an Draighin lá arna mhárach.



Na Glinntí in Aimsir Naoise

"Ar tháinig Naoise an bealach seo?" arsa Tarlach le hAindreas nuair a d'oscail sé an doras.

"Cha dtáinig. Cad é a tharla daoibh?"

Mhínigh siad dó gur scaradh iad ar an sliabh agus go raibh eagla orthu gur ceapadh Naoise.

"Éist, ní féidir linn mórán a dhéanamh anocht. Rachaidh muid beirt ar ais chuig an phluais agus rachaidh muid á chuartú amárach," arsa Tarlach.

Ba chorrach a chodail an bheirt acu an oíche sin. Bhí buaireamh an domhain orthu go raibh Naoise ceaptha. B'fhéidir go raibh sé crochta cheana. D'éirigh siad ar bhéal maidine agus chuaigh Aindreas leo trasna an tsléibhe. Bhí an ghrian ag soilsiú anuas orthu agus bhí siad tuirseach i ndiaidh imeachtaí an lae roimhe. Tháinig siad a fhad le Beann Mhadagáin sa tráthnóna. Chuartaigh siad agus scairt siad ainm s'aige. Cha raibh freagra ar bith ann. Go mall an tráthnóna sin tháinig siad go dtí beann. D'amharc siad thar imeall na binne agus thíos fúthu chonaic siad Naoise ina luí. Mheas siad gur mharbh a bhí sé. Dhreap siad síos, rud a bhí contúirteach go leor acu.

"Tá sé marbh," arsa Seán Bán. Chrom Tarlach síos.

"Chan fhuil, tá sé ag anáil go fóill," ar seisean agus áthas air. Tugadh deoch dó agus tháinig sé chuige féin diaidh ar ndiaidh.

"Cad é a tharla duit, in ainm Chroim?" arsa Seán Bán.


"Léim mé Bhí Gillinan ag teacht a fhad liom. Char lean siad mé. Shíl siad gur mharbh a bhí mé Tá pian i mo chois. Sílim gur briste atá sí."

"Is í atá," arsa Aindreas. "Tá an seanleigheas ag mo mháthair má thig linn tú a thabhairt a fhad léi. Tá dhá mhaide

ach char chreid an breitheamh Gallda é. Daoradh chun báis é. cuireadh ceist air an raibh rud ar bith le rá aige.

"Abair le mo dheartháir Naoise agus lena chuid fear go bhfuil mé sásta gur náirigh muid Gillinan. Chan fhuil ann ach gadaí."

Tugadh Donnchadh go Glasán an Chrochadóra. Crochadh ansin é agus baineadh an ceann de. Cuireadh a cheann ar spíce mar shampla do Ghaeil eile a bhí ag smaoineamh ar an rud céanna a dhéanamh.



Caibidil VI

Gillinan

Bhí máthair Naoise croíbhriste. Bhí an mac ab óige aici marbh. Marbh ag na Gaill agus ag na hAlbanaigh. Nach uafásach mar a mharaigh siad é? Cad chuige a raibh siad chomh cruálach sin? An raibh an oiread sin fuatha acu ar na Gaeil? Ghlac Naoise go holc leis. Dar leis go raibh an locht air féin. Níor chóir dó ligint do Dhonnchadh dul amach leis. Nár leor beirt acu gan an tríú duine a bheith páirteach ann? Thuig Naoise go raibh air fáil amach faoin phlandóir seo Gillinan. Fear cruálach a bhí ann cinnte, ach fear glic láidir é fosta. Fear contúirteach é. Bhí air eolas a chruinniú faoi lena fháil amach an raibh sé ar dhóigh ar bith lag.

Choimhead Naoise agus a chairde teach Ruairí Uí Mhurchú. Cha raibh Gillinan ann go rómhinic. Ba mhinic ar an bhóthar é á gcuartú agus ag cur isteach ar na Gaeil a bhí ag cuidiú le Naoise. Bhí beirt dragún ar garda ag an teach i rith ama. D'fhan siad ann ar eagla go dtiocfadh Naoise agus a chairde agus go gcuirfeadh siad an áit trí thine. Shocraigh Ruairí agus Naoise go bhfuadódh siad fear acu agus an t-eolas a fháil uaidh. D'fhan siad go raibh athrú garda ann. Oíche Aoine a bhí ann agus d'imigh fear acu go dtí an Sceir, áit a raibh teach leanna. D'fhan an bheirt acu taobh amuigh go dtáinig an fear amach arís. Bhí glincín maith sa ghrágán aige faoin am seo. Chuaigh Naoise agus Ruairí a fhad leis.

"Tá tú ag teacht linn," arsa Ruairí agus claíomh s'aige dírithe ar an dragún. Cha raibh an dara suí sa bhuaile aige — chuaigh sé leo go ciúin. Tugadh go háit rúnda é in aice le Sliabh Mis.

"Chan fhuil baol ar bith ort," arsa Naoise leis an dragún óg nuair a tháinig sé chuige féin go luath an mhaidin arna

ciúin eatarthu féin nuair a chuala siad capaill i bhfad uathu. D'amharc Naoise siar agus chonaic sé dragúin ar mhuin capaill faoi mhíle uathu. Cé go raibh siad fada go leor uathu d'aithin Naoise Gillinan ina measc. Mhúscail Tarlach i dtobainne agus bhí sé de léim ina sheasamh. Rith Tarlach agus Seán Bán síos an cnoc i dtreo coille a bhí ag a bhun. Rith Naoise leis trasna an tsléibhe a fhad le Beann Mhadagáin. Ba reathaí gasta é mar Naoise, agus bhí an talamh garbh go leor idir é féin agus na dragúin. Rith sé ar nós na gaoithe ach nuair a thiontaigh sé thart ag amharc thar a ghualainn orthu bhí siad ag déanamh air. Bhí sé ag rith go gasta agus ag glacadh srutháin an tsléibhe de léim gur tháinig sé a fhad le beann. Bhí titim uafásach ann. Seachtó nó ochtó 'throithe, dar leis. Nuair a d'amharc sé siar bhí siad faoi chéad slat de. Léim sé!

"Ar aithin tú duine ar bith acu?" arsa dragún le Gillinan.

"Char aithin. Bhí siad rófhada uaim."

"Ní fiú dúinn fanacht. Tá an fear sin thíos marbh agus beidh an bheirt eile ar an taobh eile de Bhéal Feirste faoin am seo," arsa an dragún.

Bhí an oíche ag titim sular bhog Naoise. Bhí eagla air go raibh na dragúin ag coimhead air. Bhí sé i ndiaidh titim ar a bholg. Bhí a aghaidh gearrtha agus bhí sé ag cur fola óna bhéal. Chuir sé a lámh suas chuig a bhéal agus thit fiacail amháin amach. Rinne sé iarracht éirí ach bhí pian uafásach ina chois chlé. Chuir sé a lámh uirthi ach níor fhéad sé — bhí an phian ró-olc.

"A Dhia liom," a scairt sé os ard. Thiontaigh sé thart agus d'amharc suas i dtreo na spéire. Chan fhaca sé ach réalta agus an ghealach úr.

Bhí Seán Bán agus Tarlach ar ais ag teach Aindréis faoin am seo.

Ní fiú duit teacht ar ais anseo go ceann seachtaine. Beidh sé imithe faoin am sin. Seans go mbeidh sé ag faire ort. Fan amach uainn ar feadh tamaill."

D'imigh Aindreas abhaile. D'fhan an triúr sa phluais ar feadh seachtaine. Chuartaigh na dragúin an ceantar ach cha dtiocfadh leat a rá go raibh a gcroí san obair. Shiúil siad fríd an ghleann lá amháin ach chan fhaca siad rud ar bith iontach. Chuir sé go measartha trom an tseachtain sin agus an abhainn lán breac.

Seachtain ina dhiaidh sin tháinig an triúr amach as an ghleann a fhad le teach Aindéis. Ligeadh isteach iad agus cuireadh fáilte croíuil rompu.

"Iomrá ar bith ar ár gcara?" arsa Naoise leis an fhear óg.

"Scéal ná scéal. Deirtear gur imigh sé leis trí lá ó shin go Béal Feirste. Chonaic mé é minic go leor ag tús na seachtaine, ach chan fhaca mé le tamall anois é," arsa Aindreas.

"Is glic amach é," arsa Naoise, "agus tá seans go bhfuil sé i bhfolach ar an Sliabh Dubh nó ar Dhuibhis. Is cuma, cha dtig linn fanacht sa ghleann agus cur isteach ar na plandóirí ag an am chéanna. Beidh orainn dul sa tseans. Rachaidh an triúr againn trasna na sléibhte a fhad le Béal Feirste. Fan thusa anseo, a Aindéis, agus muna dtig muid ar ais beidh tú sábháilte. Ádh mór ort."

D'fhág siad an teach agus shiúil siad ar an chosán fhada ag bun an tSléibhe Dhuibh sa dóigh nach dtiocfadh leis na dragúin sa dún a bhfeiceáil. Shiúil siad leo trasna Duibhise fríd an Tuapháirc agus ar aghaidh leo i dtreo Bhéal Feirste. bhí an ghrian go hard sa spéir, agus an spéir gan scamall. Stad siad ag sruthán. Bhí na fir uilig ag bárcadh allais. Shuigh siad síos faoi scáth crainn. Thit Tarlach ina chodladh faoi theas na gréine. Bhí Naoise agus Seán Bán ag comhrá go

mhárach. "Inis dúinn faoin fhear seo Gillinan."

"An scaoilfidh sibh saor mé má insím daoibh?" arsa an dragún agus é imníoch go maith.

"Scaoilfidh."

"Is as Glaschú é. Tógadh leis an Bhíobla é. Ní maith leis sibh mar síleann sé go bhfuil sibh ag obair leis an diabhal."

Phléasc an bheirt acu amach ag gáire.

"Creid uaim é. Creideann sé sin. Bhí athair s'aige le Cromail in Éirinn i bhfad ó shin. Fuair sé bás i nDroichead Átha. Mharaigh na hÉireannaigh ansin é. Sin é an fáth nach maith leis sibh."

"Cad é a tharla dá athair?" arsa Ruairí agus suim aige sa scéal.

"Chuir sé clann amháin chun báis. Máthair agus triúr páistí. Shíl sé go raibh an t-athair marbh ach cha raibh. Sáitheadh é."

"Cad chuige ar mharaigh sé an teaghlach sin?" arsa Naoise agus iontas air.

"Dúirt Cromail lena arm go raibh siad ag déanamh obair Dé. Dúirt sé gur pháigánaigh na hÉireannaigh nár chreid i nDia ach a bhí ag magadh faoi. Chreid athair Ghillinan sin agus creideann Gillinan féin é."

"Cad é faoina bhean: an bhfuil sise mar an gcéanna?" arsa Ruairí.

"Is bean chiúin í. Tá páistí acu in Albain. Bhal, chan páistí, is daoine óga iad. Iad uilig sna fichidí anois. Deir sé linn go mbeidh siad féin ag teacht anall nuair a bheas an tír níos ciúine."

"Tuilleadh acu! In ainm Dé! Cha dtuigim an dearcadh

seo. Chan fhuil muid ag obair ar son an diabhair. Bíodh trí splaideog céille agat!" arsa Naoise.

"Ní maith leis na sagairt. Sin an fáth gur dhóigh sé na tithe pobail ar an Bhráid agus ar Bhruach Sheáin. Is fear an-chruálach é ach tá sé lán chomh cruálach lena mhuintir féin. Chroch sé an fear óg agus bhain sé an ceann de, mar shampla. Deir sé nach ndéanfaidh duine ar bith eile agaibh gadaíocht mar sin arís. Tá fuath aige ar Naoise Ó hEocháin. Bíonn sé ag caint air de lá is d'oíche. Cha bhíonn stad ná staonadh aige go bhfaighidh sé é!" arsa an dragún.

"Beidh obair aige," arsa Naoise.

"Deir sé liom go mbeidh sé ag toiseacht ag déanamh príosúnach de chuid de na Gaeil go dtí go n-insíonn duine acu cá bhfuil sé agus cé hiad na daoine eile atá ina chuideachta."

Thuig Naoise a namhaid níos fearr. Ach bhí fadhb aige lena dhearcadh. D'inis múinteoir Naoise dó faoi na Ceiltigh agus faoi Thuatha Dé Danann, faoi na Lochlannaigh agus faoi na Normannaigh. Tháinig siad uilig go hÉirinn ina n-am féin ach shocraigh siad síos. Phós siad agus thóg siad nósanna na nGael (? nó nósanna mhuintir na tíre?). Cha raibh an chuma sin orthu siúd. Bhí fuath acu ar nósanna agus theanga na nGael.

"Maith go leor," arsa Naoise, "tá go leor cloiste agam. Fanfaidh muid anseo go dtitfidh an oíche arís agus fágfaidh muid ar ais thú. Ar an dóigh sin ní bheidh tú in inmhe a insint do Ghillinan cá raibh tú!"

Fágadh an dragún ar ais an oíche sin. Chuir Naoise agus Ruairí scéala thart ar a gcairde go mbeadh Gillinan á lorg agus d'fhág cuid mhór acu a mbailte agus chuaigh i bhfolach i measc na gcnoc.

aice le Béal Feirste ar na mallaibh?" arsa Gillinan.

"Cha bhím in aice le Béal Feirste. Fanaim anseo i measc mo mhuintire féin.

"Inis dom faoi na daoine a chónaíonn ar an sliabh."

"Chan fhuil mórán acu ann. Chan fhuil aithne rómhaith agam orthu," arsa Aindreas.

D'amharc Gillinan ar Aindreas. Bhí Aindreas den bharúil nár chreid Gillinan é. Dar le Gillinan go raibh eolas éigin ag Aindreas ach cha dtiocfadh leis bheith cinnte faoi.

"Éist liom," a dúirt Gillinan go bagrach. "Tá mise cinnte go bhfuil a fhios agat rud éigin faoi strainséirí. Má fhaighim amach go bhfuil baint agat leo nó go bhfuil a fhios agat cá bhfuil siad beidh do cheann ar spíce agam ag an charcair i gCarraig Fhearghais. An dtuigeann tú go maith mé?"

"Tuigim thú ach chan fhaca mé strainséir anseo le fada," arsa Aindreas.

Dhá uair níba mhoille bhí sé ag caint le Seán, Naoise agus Tarlach i lár na coille.

"Bhí droch-chuma amach air," arsa Aindreas. "Char luaigh sé ainm ar bith ach bhí a fhios agam gur sibhse a bhí i gceist aige. Tá sé cinnte go bhfuil sibhse ag stopadh anseo áit éigin."

"Tá mé cinnte gurb é Gillinan atá ann," arsa Naoise. "Cad é mar a bhí a fhios aige go raibh muid anseo?"

"Seans nach bhfuil a fhios aige. Seans go bhfuil sé ag iarraidh bheith cinnte nach tú atá ann," arsa Seán Bán.

"Beidh orainn fanacht sa ghleann seo ar feadh tamaill cibé ar bith go n-imeoidh sé. Éist, a Aindreas, tá go leor bia againn. Níl a fhios ag bunadh na háite go bhfuil muid anseo.

i do shuí agus lig isteach chun tí iad."

Nuair a d'oscail Aindreas an doras bhí na cótaí dearga roimhe.

"Gabh mo leithscéal, an dtig leat teacht linn chuig an dún. Cha bhíonn tú i bhfad. Ba mhaith linn cúpla ceist a chur ort."

Bhí Aindreas mar a chonaic Dia é. Bhí eagla air ach cad chuige? Cha raibh a fhios acu go raibh aithne aige ar Naoise. Cad é mar a bheadh a fhios?

"Cha ndearna mé rud ar bith go contráilte," arsa Aindreas.

"Tá a fhios againn sin. Cha bhíonn tú i bhfad," arsa an dragún.

Chuir Aindreas a chuid éadaí air agus chuaigh leo. Bhí iontas air nuair a chonaic sé seisear eile de dhaoine óga ó Bhaile an Draighin ag an dún. Bhí a fhios ag Aindreas nach raibh a fhios ag duine ar bith de na fir óga seo faoi Naoise agus shocraigh sé giota ina intinn féin ach níor fhéad sé gan a bheith buartha go raibh rud éigin ar chois.

Cheistigh Gillinan na fir ina nduine agus ina nduine gur tháinig sé a fhad le hAindreas.

"An bhfaca tú strainséir ar bith ar na mallaibh?" arsa Gillinan leis ar theacht isteach dó.

"Strainséir ar bith ach tú féin," arsa Aindreas. Bhris dragún amach ag gáire.

"Ní bheinn greannmhar dá mbeinn in d'áit," arsa Gillinan. Mhottaigh Aindreas baol roimhe.

"Tá mé buartha. Chan fhaca. Cha bhíonn strainséirí sa cheantar seo againne rómhinic."

"An bhfuil a fhios agat rud ar bith faoin ghadaíocht in

Caibidil VII

An Tóir ar Naoise

Bhí saol cruu ag na Gaeil i dtrátha an ama sin. Bhí cuid mhór de na fir óga ar a seachnadh ag an am agus iad ag brath ar chuidiú ó dhaoine a bhí bocht cheana. Bhí an saol ag teannadh orthu uilig. Bhí lúcháir ar Ghillinan ag an am. Bhí deartháir amháin de chlann Uí Eocháin ceaptha agus marbh aige agus bhí sé dóchasach go mbeadh Naoise aige gan mhoill.

Ag an am seo bhí drochdhóigh ar na Gaeil. Ruaigeadh cuid mhór acu óna dtailte féin agus chuir siad fúthu i measc na gcnoc ar an talamh ba bhoichte. Bhíodh an talamh seo fuar gortach agus bhí obair acu uilig fanacht beo ag an am. Mar bharr ar an donas bhí báillithe ag na Gaill agus iad ag iarraidh cíosa ó dhaoine a bhí ar an ghannchuid. Muna mbíodh na Gaeil in inmhe an t-airgead a íoc chaitheadh na Gaill ar thaobh an bhealaigh mhóir iad agus scríosadh siad a gcuid tithe.

B'iomaí cara mar sin a bhí ag Naoise. Cé go raibh siad beo bocht thugadh siad a raibh acu dó nó thuig siad go raibh sé ag cur isteach ar na Gaill. Bhí geimhreadh amháin ann agus tháinig an sneachta faoi Shamhain. Bhí an aimsir iontach fuar agus ní tháinig le Naoise ná lena chuid fear fanacht amuigh faoin spéir san oíche. Bhog siad ó theach go teach i rith an ama.

Oíche amháin bhí Naoise ina shuí cois tine ag éisteach le fear an tí ag inse scéalta Fiannaíochta nuair a buaileadh cnag ar an doras.

"Oscail in ainm an Rí," arsa an guth bagarthach. Bhí Naoise de léim ina sheasamh. Chuaigh sé isteach sa chúlchistin. Osclaíodh an doras. Tháinig báille agus dhá

dhragún isteach.

"Níor dhíol tú cíós go fóill," arsa an báille.

"Níl an t-airgead agam. Bhí an samhradh go dona agus níor fhás na prátaí. Tá ocras orainn ar fad. Fan mí nó mar sin agus déanfaidh mé mo sheacht ndícheall an cíós a fháil duit," arsa fear an tí.

"Tá seachtain agat. Abair le muintir na háite go mbeidh mise anseo seachtain ón lá inniu. Beidh orthu an t-airgead a bheith acu nó beidh geimhreadh fuar ar na bóithre acu."

D'imigh siad. Tháinig Naoise amach.

"Cad é a dhéanfaidh mé ar chor ar bith?" arsa fear an tí. "Níl pingin rua againn agus ní dóigh liom go bhfuil airgead ag mórán eile sa cheantar."

"Ná bíodh buaireamh ar bith ort féin ná ar na comharsana. Tá plean agam a chuirfidh deireadh leis an amaidí seo ar fad," arsa Naoise.

Maidin lá arna mhárach chruinnigh Naoise a chuid fear le chéile.

"Tá bunadh na háite seo i gcruachás," arsa Naoise ag toiseacht agus ag inse dá chuid fear faoin chuairteoir a bhí ag fear an tí an oíche roimhe sin. "Tá seift agam féin chun deireadh a chur leis an fhadhb seo"

Nuair a bhí seift s'aige mínithe d'imigh na fir leo soir siar.

An oíche sin bhí an teach leanna ar an Sceir Bheag lán go doras. Bhí an áit dubh le plandóirí agus le dragúin. Cibé nach raibh ann bhí mac Ghillinan ann agus é ag ól leanna agus ag imirt cártaí. Faoin mheán oíche bhí an chuideachta ar fad sùgach go maith agus cuid acu ag gabháil cheoil nuair a chualathas tormán uafásach agus briseadh isteach na doirse.

"Tá sé mar seo," arsa Watson. "Bhí an áit seo go measartha ciúin. Bhí muintir Bhaile an Draighin agus muintir na sléibhte go breá ciúin. Ach le trí seachtaine anuas tá robáil agus gadaíocht ag dul ar aghaidh. Deir bunadh an tsléibhe nach bhfuil a fhios acu cé atá á dhéanamh. Creidim iad mar bhí siad ciúin go leor go dtí seo."

"Cá bhfuil an áit seo Baile an Draighin?" arsa Gillinan.

"Leathbhealaigh idir seo agus Lios na gCearrbhach," arsa an Captaen. "Cad chuige?"

"Ba mhaith liom cuairt a thabhairt air. An bhfuil sé sábháilte?"

"Tá cinnte. Tá dún againn ar an sliabh. Thig leat dul ann agus cúpla lá a chaitheamh ann más mian leat. Ach ní dóigh liom go mbeidh toradh ar bith ar do chuid oibre."

Chaith Gillinan an oíche sin sa dún a caint leis na dragúin.

"Ní thugann siad trioblóid ar bith dúinn. Bíonn ach an duine acu ag obair i ngarraí s'acu nó ag iascaireacht. Chan fhuil siad iontach cairdiúil linn ach chan fhuil gadaíocht ná rud ar bith mar sin ag dul ar aghaidh," arsa an dragún a bhí i mbun na háite.

"Ba mhaith liom labhairt leis na daoine óga. Má tá Ó hEocháin faoin áit seo beidh a fhios acu faoi. Cha bhím i bhfad ag fáil amach!" arsa Gillinan.

"Tógfaidh muid iad. Má théid tusa amach ina measc ní bhfaighidh muid amach go deo faoin fhear seo."

Ar a seacht a chlog ar maidin bhí Aindreas ina luí nuair a buaileadh cnag ar an doras.

"A Aindréis," arsa a mháthair, "tá daoine ag an doras. Bí

ar bith agat atá suas chun dáta faoi na ropairí eile sa chuid seo den tír? Abair idir seo agus Dún Dealgan?" arsa Gillinan go mífhoighneach.

"Chan fhuil ach is féidir a bhfáil."

"Go breá, beidh mé ar ais anseo amárach."

Bhí. Bhí na tuairiscí ar an tábla roimhe.

"Is cosúil go bhfuil rudaí ag éirí níos fearr de réir a chéile. Crochadh triúr i nDún Dealgan Dé hAoine seo a chuaigh thart. Tá baicle acu i dTír Eoghain. Ach tá a fhios ag na dragúin cé hiad. Tá tuairisc anseo faoi ghadaíocht atá ag tarlú in aice le Béal Feirste. Bhí an áit sin go breá ciúin go dtí ar na mallaibh."

"Chím," arsa Gillinan. "Sílim go rachaidh mé go Béal Feirste seal mo chuarta."

"Ní dóigh leat gurb é Ó hEocháin atá ann. Tá sé imithe. Tá siad á gcrochadh againn lá agus oíche. Tá go leor dragún faoi Bhéal Feirste," arsa an t-oifigeach.

"Cha dtuigeann tú mé go fóill. Ruaig Ó hEocháin mo chairde amach as an tír. Dhóigh sé ár dtithe. Mharaigh sé na hainmhithe agus rinne sé amadán díom féin os comhair an phobail. Cha bhíonn bomaite sosa agam go mbeidh an sceimhlitheoir gránna curtha san uaigh agam!"

Thiontaigh sé ar a shála gur shiúil sé amach ar an doras.

I gceann seachtaine tháinig Gillinan go Béal Feirste. Sráidbhaile measartha a bhí ann. Ní raibh sé chomh mór le Carraig Fhearghais. Bhí siopaí agus tithe ann. Bhí carcair ann agus cúpla teampall de chuid na nAlbanach. Chuaigh sé chuig beairic na ndragún agus chaith sé an lá ann ag caint leis an fhear a bhí i gceannas ar an bhaile. An Captaen Watson a bhí air sin.

Shiúil Naoise agus triúr eile isteach ar an doras.

"Lámha in airde, a fheara, le bhur dtoil!"

Rinne scaifte acu imeacht amach ar an cúldoras ach bhí Seán Bán agus Ragnall Dubh ann rompu.

"Anois, a fheara, ná bíodh buaireamh ar dhuine ar bith agaibh. Chan fhuil uainn ach airgead s'agaibh. Chím go bhfuil neart airgid ag tábla na gcártaí. Beidh sin againn. Anois cuirigí airgead an Rí ar na táblaí romhaibh. Nach maith sin. Ná bíodh duine ar bith agaibh sprionlaithe!"

Chruinnigh Ruairí Ó Murchú agus Tuathal Mac Aonghusa airgead na bplandóirí agus na ndragún.

"Anois bainigí bhur mbróga díbh! Sa dóigh sin cha bhíonn duine agaibh ár leanstan. Tá bhur gcapaill scaipthe ar fud na dúiche agus anois ádh mór oraibh go léir!" arsa Naoise. D'imigh na fir.

"Damnú orthu!" arsa mac Ghillinan.

Bhí Naoise agus a chairde gnaitheach go leor an oíche chéanna. Nuair a mhúscaill na Gaeil ar maidin fuair gach duine acu mála beag lán airgid crochta ar an doras rompu. Bhí lúcháir an domhain ar fud an cheantair agus barúil láidir acu cé a d'fhág an t-airgead ann.

I gceann seachtaine tháinig an báille agus na dragúin ar ais. Chuaigh siad ó theach go teach ag bailiú cíosa agus a sáith iontais orthu. Bhí cíos ag achan mac máthar acu. Bhí áthas agus amhras ar an bháille. Cá bhfuair siad an t-airgead? Ba chuma leis nó bhí sé aige anois agus bheadh an tiarna talún sásta. Chaith an báille agus an bhaicle dragún an lá ar fad sa cheantar ag bailiú cíosa. Faoi chlapsholas bhí deireadh déanta acu agus bhog siad leo i dtreo an Bhaile Mheánaigh. Bhí an oíche ag titim agus iad faoi thrí mhíle den

bhaile nuair a tháinig siad a fhad le duine ina luí ar an bhóthar. Stad siad agus tháinig dragún anuas dá chapall agus scrúdaigh sé an fear. Léim Naoise agus a chuid fear amach ar an bhóthar.

"Bhal, a ghadaí bhradaigh, 'dom an t-airgead a ghoid tú ó na bochta inniu."

Thóg Naoise an t-airgead, agus na capaill agus na bróga. D'imigh siad leo isteach i gcoill agus shlog an dorchadas iad. As sin amach bhí fáilte agus fiche roimh Naoise agus a chairde sa cheantar óir d'fhág siad mála beag airgid ag achan doras an oíche sin arís!"

Bhí Seán Ó hEocháin buartha cráite. Chuaigh Naoise a fhad leis.

"Cad é atá ort ar chor ar bith?" arsa Naoise lena dheartháir.

"Fuair mé scéala inniu go raibh mo bhean tinn. Beidh orm dul ar cuairt chuici," a mhínigh Seán.

"Ach nach raibh tú ar cuairt aici tá seachtain ó shin agus cha raibh dada cearr léi an t-am sin," arsa Naoise.

"Tá a fhios agam, ach tá sí ag dúil le cuideachta. Tá sí ag iompar clainne. Deir Mac an Aistrigh liom go raibh sí iontach tinn arú aréir. Tá mé imníoch faoi dtaobh di. Beidh orm dul lena fháil amach cad é an dóigh atá uirthi," arsa Seán.

"An bhfuil tú cinnte go bhfuil Mac an Aistrigh ag inse na fírinne duit? Sin fear nach bhfuil dúil ar bith agam ann. Tá rud éigin faoi dtaobh de nach maith liom."

"Is bulaí fir é. Nár thug sé foscadh dom féin agus do Dhonnchadh bhocht, go ndéana Dia trócaire air, minic go leor? Is í a dheirfiúr féin í. Cha bheadh sé ag inse bréige faoina dheirfiúr féin mar sin, an mbeadh?"

Caibidil X

Éalú

Shuigh Gillinan siar ar a chathaoir. Bhí an ceantar ciúin le mí anuas nó mar sin. Leoga, dar leis go raibh sé róchiúin.

"Ar imigh sé thar sáile, meas tú?" ar seisean lena bhean chéile.

"Cad chuige a bhfuil tú chomh buartha faoi? Tá sé ar shiúl. B'fhéidir gur marbh atá sé. Nach cuma linn? Chan fhuil sé sa cheantar. Cha raibh gadaíocht ná dó tithe le mí nó níos mó. Tá deireadh le fadhb s'agat. Luigh siar agus bain sult as."

"Ní thig liom. Tá a fhios agam go bhfuil an rógaire sin áit éigin sa tír seo ag déanamh dochair dúinn. Ach cá mbeadh sé? Tá na Glinntí ciúin ar an aimsir seo. Tá sé beo áit éigin. Tá a fhios agam é i mo chroí istigh. Tá mé ag dul isteach chuig an Bhaile Meánach. Seans go bhfuil a fhios ag na dragúin rud éigin faoi dtaobh de."

D'imigh sé leis.

"Cad é mar atá tú?" arsa an t-oifigeach leis ag dul isteach an doras dó. "Ba cheart go mbeadh áthas an domhain ort. Tá an gadaí agus a chairde ar shiúl agus a bhuíochas sin ag gabháil duitse. An ólfaidh tú deoch?"

"Chan ólaim," arsa Gillinan. "Ní chreidim go bhfuil sé ar shiúl. Tá sé sa tír! Tá a fhios agam — go rímhaith. Ach cá mbeadh sé?"

"Tóg go bog é. Tá sé imithe. Nach cuma duit cá bhfuil sé. Tá obair s'agatsa déanta agus tá muid buíoch díot. Beidh cuimhne ort anseo go deo."

"Éirigh as an phlámás. Tá an boc sin beo. Tá dochar á dhéanamh aige áit éigin. Seo — inis dom, an bhfuil tuairiscí

an Bhearna Gaoithe. Ó Deáin atá orthu. Díolann siad bia, glasraí, uibheacha agus bainne leis na dragúin sa dún. Stad an chuid is mó de Bhaile an Draighin de bheith ag caint leo. Ach bí cúramach. Chan fhuil mórán cairde acu agus má fhaigheann an fear sin amach go bhfuil sibh ann rachaidh sé chuig na Cótaí Dearga lom láithreach."

Chaith siad lá nó dhó ag siúl an tsléibhe, ag fáil amach cá raibh na tithe seo agus cá raibh na casáin agus na bealaí éalaithe. Bhí bóthar ag bun an tsléibhe ag dul go Béal Feirste. Baile beag lán plandóirí a bhí ann. Bhí cúpla céad duine ina gcónaí ann ag an am. Chuaigh na cairde ann lá. D'aithin muintir an bhaile gur strainséirí iad. Char fhan siad i bhfad ann. Thug siad faoi deara go mbíodh cóistí ag dul ó Lios na gCearrbhach go Béal Feirste go minic. Siopadóirí agus daoine eile saibhre ag dul idir an dá bhaile a bhí ann. Beidh seo go breá furasta dar le Naoise. Thug siad ruathar faoi chóiste nó dhó ach rinne siad seo i bhfad ó Bhaile an Draighin. D'fhoghlaim siad ceacht faoin Sceir. Cha raibh barúil ag na plandóirí cá has a dtáinig siad. Idir an dá linn bhí Gillinan go mór in amhras faoi Naoise.

"B'fhéidir go mbeadh. Ní maith liom seo ar chor ar bith. Tá eagla orm go bhfuil baint ag Gillinan leis an ghnó. Rachaidh mé leat."

"Cha dtéann tú. Abair go bhfuil an ceart agat. Má fhaigheann siad an bheirt againn beidh deireadh linn."

"Ní maith liom seo. Tá Gillinan róghlic. Chífeadh sé lorg an tseangáin ar an chlaí agus chluinfeadh sé an féar ag fás. Tá mé ag dul leat ar eagla na heagla," arsa Naoise.

Go luath an oíche sin shiúil an dá dheartháir fríd an choill ar an bhealach chun teach Sheáin.

"Ná bí i bhfad ann. Má bhíonn sí tinn is féidir dochtúir a fháil. Fiú más gá dúinn tógfaidh muid linn í féin agus do mhac, ach ná fan ann i bhfad. Fanfaidh mise sa choill go dtiocfaidh tú ar ais," an chomhairle a thug Naoise dó.

Leis sin chonaic siad Mac an Aistrigh chucu.

"Cad é mar atá sí anois?" arsa Seán agus eagla air, dar leat.

"Níl agamsa ach mar a chuala mé," arsa Mac an Aistrigh. "Bhí sí breoite tinn inné. Char chuala mé dada ó shin."

Bhí Naoise amhrasach nó chonacthas dó nach raibh Mac an Aistrigh ag inse na fírinne.

"Ar aghaidh libh go gasta," arsa Naoise.

D'imigh an bheirt leo. Cha raibh i bhfad siúlta acu nuair a casadh scaifte dragún orthu. D'ionsaigh siad Seán. Leag Seán beirt acu ach bhí cúigear ar fad acu ann. Tugadh drochíde do Sheán agus tugadh ar ais go dtí an Baile Meánach é, áit a raibh Gillinan ag fanacht leis.

I dtrátha an ama seo bhí Naoise ag éirí imníoch. Cá raibh Seán? Cad é a tharla dó? Cad chuige a raibh sé chomh

fadálach sin? Shocraigh Naoise go raibh air dul a fhad le teach Sheáin agus a fháil amach cad é a bhí cearr. Shleamhnaigh sé go ciúin fríd an choill. Bhí sé cinnte go raibh Gillinan taobh thiar den ghnó seo. Sa deireadh tháinig sé a fhad le teach Sheáin. Bhuail sé cnag ar an doras. D'oscail bean Sheáin, Úna, an doras.

"Cad é atá ort, a Naoise? An bhfuil rud ar bith cearr le Seán?"

"Shíl Seán go raibh tú tinn. Nach dtáinig sé anocht le do dheartháir?"

"Cha dtáinig," arsa Úna. "Cad chuige a mbeadh sé anseo anocht? Bhí sé anseo Dé hAoine."

"An fealltóir gránna," arsa Naoise. "Dúirt do dheartháir leis go raibh tusa tinn lag agus tháinig sé anseo ar cuairt chugat anocht!"

Tháinig lá na cúirte. Tugadh Seán amach. D'inis Gillinan don bhreitheamh go raibh Seán páirteach in achan rud a tharla faoin Sceir le dhá bhliain anuas. Dúirt Gillinan gur ghoid sé eallach, gur dhóigh sé tithe agus gur mharaigh sé daoine.

"Ní fíor sin," arsa Seán. "Char mharaigh muid duine ar bith, cé go raibh seansanna go leor againn agus fáthanna go leor chomh maith."

"An gcluín sibh an chaint sin?" arsa Gillinan le muintir na cúirte. "An gá dom a thuilleadh a rá? D'admhaigh sé féin é!"

Tugadh breith báis air.

Lá arna mhárach tugadh Seán go Carraig Fhearghais. Cuireadh chun báis é. Crochadh é mar a rinneadh le Donnchadh tamall roimhe sin. Chonaic Naoise an crochadh ó bharr cnoic a bhí faoi mhíle ó Ghlasán an Chrochadóira. Bhí smúid air. Chonacthas dó anois go raibh Gillinan ag baint. Bhí

bheirt acu os a chomhair agus iad óg ina suí ar an urlár agus a mháthair ag rá amhrán faoina gcoinne. Níor mhair sin ach tamall. Bhí na laethanta sin imithe. Lean an bhean uasal léi go raibh titim na hoíche ann.

"Beidh orainn imeacht anois nó beidh trioblóid againn an phluais a fháil," arsa Aindréas. Thug Aindréas mála lán bia do Tharlach agus d'imigh siad leo. Bhí oíche dheas ann agus cha raibh deacracht ar bith acu an phluais a fháil faoi sholas na gealaí.

Chaith siad an tseachtain sin ag cur ord agus eagair ar an phluais sa ghleann. Bhí sí mór agus í tirim go maith. Bhí bric san abhainn agus bhíodh Aindréas ann minic go leor le harán faoina gcoinne. Bhí an gleann féin ciúin go maith. In amanna bhí beirt nó triúr ag iascaireacht ar bhruach na habhann, ach d'inis Aindréas dóibh nár ghnách le bunadh na háite dul ann rómhinic ar eagla go mbeadh a fhios ag na dragúin go mbíodh Aifreann ann anois agus arís. Bhí an gleann lán ainmhithe. Chonaic na cairde madaí rua ag seilg san áit i rith an lae agus bhíodh broic ann san oíche. Bhí na héin callánach go maith agus choinnigh siad na cairde múscailte luath agus mall. Rud eile a chuir iontas go leor ar Naoise. Bhí fia nó dhó sa ghleann. Dúirt Aindréas leis nár bhac bunadh na háite leo. Cheapadh siad coiníní agus bhíodh stobhach acu minic go leor sa ghleann. Bhí an tseachtain sin fada go leor ag an triúr acu. Bhí sos uathu: bhí sin fíor. Ach cha dtáinig siad ó dheas ón Sceir chun go mbeadh sos acu. Cheistigh Naoise Aindréas faoin sliabh agus faoin dún.

"Thóg siad an dún sin tá sé mhí ó shin. Bíonn na dragúin faoin áit uair sa tseachtain ach cha bhíonn siad ag cur isteach ar rud ar bith. Tá an sliabh féin breac le tithe. Tá na Gaeil ann don chuid is mó agus beidh siad go maith duit. Ach tá teaghlach amháin a bhfuil cónaí orthu ar an sliabh in aice leis

garraí ar chúl an tí. Bhí glasraí ag fás ann. Nuair a bhí go leor ite ag na fir chuaigh siad a luí. Bhí siad tuirseach go maith agus chodail siad go dtí go mall sa tráthnóna. Mhúscail Aindreas iad.

"Tá béile eile réidh ag mo mháthair faoi bhur gcoinne," ar seisean. D'éirigh na cairde agus chuaigh siad chun na cistine. Shuigh siad ag tábla. Bhí prátaí agus arán baile agus bainne ar an bhord rompu. Nuair a bhí an béile ite acu shuigh siad síos ar stólta ag an tine.

"Inis scéal dár gcairde, a Mhamaí," arsa Aindreas.


"Leoga, chan fhuil am ar bith ag na fir óga seo d'amaidí seanmhná," arsa a mháthair agus cotadh uirthi.

"Ba bhreá liom scéal a chluinstin," arsa Naoise. "Nuair a bhí mé i mo ghasúr bhí na céadta scéalta ag mo mháthair, agus neart amhrán aici chomh maith. Ba í a bhí go maith ag aithris scéalta dúinn."

Thosaigh an tseanbhean. D'inis sí scéalta faoi na Fianna. Chonacthas d'achan duine a bhí ag éisteacht léi go bhfaca sé Fionn Mac Cumhaill agus a chuid fear ag seilg i measc na gcnoc. D'aithris sí scéal faoi Bhrian Bórainmhe. D'inis sí go raibh sé i nGleann na gCollán na céadta bliain roimhe sin agus gur ghéill taoisigh na háite dó sa cheantar. Ach thaitin an scéal faoi Dhiarmuid agus Ghráinne lena raibh i láthair. Cuireadh Diarmuid faoi gheasa agus cha raibh rogha ar bith aige.

Bhí na fir óga faoi dhraíocht ag an tseanbhean. Bhí bua na cainte agus togha na Gaeilge aici. Bhí a cuid cainte féin cosúil le ceol. Cé gur thaitin na scéalta go mór le Naoise chuir siad cumha air chomh maith. Nach minic a d'éist sé lena mháthair féin ag inse na scéalta céanna dó. Chuir na scéalta seo Donnchadh agus Seán i gcuimhne dó. Chonaic sé an

deireadh leis anois. Bheadh sé chomh maith aige siúl isteach go Carraig Fhearghais agus é féin a thabhairt isteach!



Seán crochta i gCarraig Fhearghais

Caibidil VIII

Díoltas

Bhí Mac an Aistrigh san fhaopach. Cad é a dhéanfadh sé? Bhí a fhios aige go raibh a fhios ag Naoise gurbh eisean a rinne an feall ar Sheán. Cha dtiocfadh leis filleadh abhaile. Bhí a fhios ag madaí na háite faoin ghníomh a rinne sé agus cha raibh maithiúnas i ndán dó. Chuaigh sé chuig an bheairic ar an Bhaile Mheánach ach char ligeadh isteach é.

Idir an dá linn bhí Naoise gnóthach. Bhí brón agus buaireamh air ach d'athraigh sin go raibh fonn díoltais air. Thuig sé na plandóirí cé gur ghoid siad na tailte agus gur ruaig siad na Gaeil. Ach char thuig sé Mac an Aistrigh agus daoine mar é. Dhíol sé Seán ar mhaithe le hairgead mar a rinne Iúdas i bhfad ó shin.

"Ba mhaith liom ainmneacha na ndaoine a chuidigh leis an fheallaire ghránna shuarach sin!" ar seisean le Tuathal agus Ruairí.

"Cad é mar atá a fhios agat go raibh duine ar bith eile ann?" arsa Seán Bán.

"Nach cinnte go raibh daoine eile ann?" arsa Naoise agus fearg ag teacht air. "Bhí Seán róláidir ag an chladhaire sin. Cha bheadh sé ábalta teacht aniar aduaidh ar mo dheartháir gan tacaíocht."

Bhí ráflaí ar fud na háite faoin am seo agus charbh fhada gur chuala Naoise cuid de na hainmneacha. Bhí Samuel, Robert agus Hugh Beggs luaite. Cha raibh iontas dá laghad ar Naoise faoi na daoine seo. Ba mhinic iad i gcuideachta Ghillinan. Ba chruálach amach iad agus ba mhinic iad ag cur ruaig ar na Gaeil. Char mhaith le Naoise díoltas a bhaint amach ar na daoine contráilte agus mar sin cha ndearna sé

uirthi.

"Cad chuige a bhfuil an comhartha seo ann?" arsa Naoise.

"Lena thaispeáint do bhunadh na háite go bhfuil siad in aice na háite. Tá sé cosúil le doras a bheadh ag teach pobail."

"An bhfuil sagart ina chónaí sa cheantar?" arsa Naoise leis an fhear óg.

"Bhíodh sagart anseo go dtí roinnt blianta ó shin. Feidhlimidh Ó hAdhmaill a bhí air. Seanfhear cneasta a bhí ann. Bhí sé anseo le tamall fada ach cheap na dragúin é agus cluinim go bhfuil sé i gcarcair Bhéal Feirste. An duine bocht, chan fhuil dochar ar bith ann," arsa Aindreas.

"Cad é mar a ceapadh é?" arsa Seán Bán.

"Bhí Aifreann faoin aer againn Domhnach amháin. Bhí gach rud ciúin go leor ach tháinig na dragúin orainn i dtobainne. D'fhéad siadh an ceantar go léir a chur i gcarcair ach dúirt Feidhlimidh go rachadh sé leo go ciúin dá dtabharfadh siad cead a gcinn do na daoine eile. Rud a rinne siad. Tig sagart eile chugainn anois agus arís ach bíonn eagla ar chuid de na seanbhoic dul ar Aifreann anois ar eagla go gceapfaí an sagart eile. Tá seanfhear amháin sa cheantar, Padaí Mhicí atá air, agus tá eagla a chraicinn air. Cha raibh sé ar Aifreann le fiche bliain óir níor mhaith leis go leanfadh na dragúin é!"

Faoin am seo bhí siad ag teachín beag aoldaithe ag bun cnocáin. Bhí ceann tuí ar an teach agus tine bhreá sa teallach, cé go raibh an lá go deas.

"Tá tine de dhíth chun cócaireachta," arsa Aindreas.

Cuireadh Naoise agus a chairde in aithne do bhunadh an tí. D'ith siad prátaí agus fuair siad gogán bainne an duine. D'amharc Seán Bán amach ar an fhuinneog agus chonaic sé

"A Naoise! A Sheáin! Mise atá ann." Tháinig siad amach Bhí Tarlach ann rompu agus aoibh ar a bhéal.

"Tá linn! Seo cara s'agam, Aindreas. Deir sé liom go mbeidh fáilte romhainn anseo. Chan fhuil plandóirí ar bith anseo. Tá cuid acu i Lios na gCearrbhach agus cuid acu i mBéal Feirste ach cha dtig siad anseo in am ar bith. Tá dún nuathógtha ag na dragúin ach níl ach seisear acu ann agus fanann siad san áit. Tig siad amach uair sa tseachtain ach cha raibh siad riamh sa ghleann. Is cosúil go bhfuil eagla orthu teacht isteach."

"Mo cheol thú!" arsa Naoise. Ba léir dó go mbeadh seans ag na cairde sos a fháil sa ghleann seo. Bheadh siad in inmhe saol s'acu a ghlacadh go réidh go ceann tamaill bhig.

"Seo," arsa Aindreas, "thig libh teacht liom go teach s'againne agus gheobhaidh sibh rud éigin maith le hithe agus leaba an duine. Thig libh teacht ar ais anseo níos moille agus bhéarfadh mé bia go leor do Tharlach chun sibh a chothú ar feadh tamaill."

Lean siad an fear óg fríd an choill gur tháinig siad a fhad le carraig leathan lom a raibh crainn arda timpeall uirthi.

"Seo Carraig an Aifrinn," arsa Aindreas. "Cé nach gcuireann na dragúin isteach orainn go minic chan fhuil teach pobail againn agus bíonn ar mhuintir na háite bheith cúramach ar eagla na heagla. Chan fhuil cead ag sagart ar bith Aifreann a léamh go hoscailte agus léitear faoi rún anseo é anois agus arís. Bíonn sé slán anseo i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn duilliúr ar na crainn. Bíonn orainn scioból a úsáid sa gheimhreadh."

Áit bheag dheas chiúin a bhí ann. Bhí sí suite i ngleann beag i lár gleanna mhóir. Bhí sruthán in aice leis agus chonaic Naoise carraig eile ansin a raibh comhartha na Croise gearrtha

rud ar bith gan eolas beacht a bheith aige faoi.

Oíche amháin le clapsholas rinne Naoise agus a ghrúpa luíochán roimh bheirt de na dragúin. Stad siad iad i lár coille móire in aice le Teampall Phádraig. Thóg siad gunnaí agus capaill agus bróga na ndragúin agus d'éalaigh siad isteach sa dorchadas. Char amharc Naoise ar na rudaí a ghoid siad an oíche sin. Scrúdaigh sé a bhfuair siad an mhaidin dár gcionn agus bhí iontas agus uafás air! Bhí nótaí ón bheairic i gCarraig Fhearghais chuig an oifigeach ar an Bhaile Mheánach. Léigh Naoise iad.

John Edmonton, William Craig and Daniel McCart got £3 each for assisting in the capturing of Shane O'Haughan.

Samuel, Robert and Hugh Beggs divided £12 amongst them for leading the way.

James McKinstry got £10 for tricking the outlaw and knocking him out.

Bhí an t-eolas uilig a bhí uaidh aige anois. Bhí ainm gach feallaire anois aige. Cha raibh sé i bhfad ag fanacht gur bhain sé díoltas amach. Don chéad uair riamh bhí ainmneacha na bplandóirí a bhí ag cuidiú le Gillinan aige. Bhí a fhios ag Naoise dá gcuirfeadh sé duine acu chun báis go mbeadh daor ar na Gaeil. Mar sin de ruaig sé amach as an tír iad.

Ar dtús roghnaigh sé teach Bheggs. Bhí an triúr deartháir ina gcónaí ann leis na tuismitheoirí. Mhúscail siad maidin amháin agus bhí na capaill ar shiúl Seachtain ina dhiaidh sin bhí an stábla dóite. Dódh na páirceanna. Goideadh an

t-eallach. Sa deireadh phill siad ar Albain. Ní thiocthadh leis na tuismitheoirí cur suas leis. Fuarthas Edmonston ceangailte agus a theach dóite go gairid ina dhiaidh sin. Rinne sé féin a bhealach chun an bhaile go hAlbain. Dhíol McCart talamh s'aige agus d'imigh leis sula bhfuair Naoise seans a fháil a fhad leis. Bhog Craig isteach chuig an bheairic ar an Bhaile Mheánach.

Cha raibh fágtha ach Mac an Aistrigh. Bhog sé isteach chuig an Bhaile Mheánach. Char labhair na Gaeil leis i ndiaidh dó an gníomh gránna a dhéanamh. Dhiúltaigh siad earraí nó bia a dhíol leis sna siopaí. Níor shuigh duine ar bith in aice leis ag an Aifreann sa ghleann. Ní thabharfadh siad cuidiú ar bith dá theaghlach. Chuaigh sé chuig Úna, bean Sheáin, ag lorg maithiúnais ach cuireadh ó dhoras é. Chuaigh sé leis an ól ach dhiúltaigh na plandóirí labhairt leis ach an oiread. Shaothraigh sé deich bpunt agus dúradh leis dul go dtí an Baile Meánach ar lá áirithe chun an t-airgead a fháil.

Ag dul isteach chun na hoifige dó bhí cúig mhála ar an tábla roimhe.

"Cad é seo?" arsa Mac an Aistrigh agus iontas go leor air.

"Sin an t-airgead faoi choinne Seán Ó hEocháin a fháil dúinn," arsa an t-oifigeach.

"Cad chuige nach féidir leat punt a thabhairt dom? Ní thig liom sin a iompar," arsa Mac an Aistrigh.

"Seo, muna bhfuil sé de dhíth ort fág ann é."

"Is liomsa é. Tógfaidh mé liom é, ach tá cuidiú uaim."

"Chan fhuil cuidiú ar bith le fáil anseo. Tóg an t-airgead agus gread leat amach as mo bhealach," arsa an t-oifigeach.

"Cha dtig liom a thógáil," arsa an fealltóir. "Tá na pingíní

Mharaigh Seán Bán dhá bhreac agus las Naoise tine bheag.

"Tá súil agam go bhfuil an ceart ag Tarlach," arsa Seán Bán.

"Chan bómán ar bith é," arsa Naoise. "Má deir sé go bhfuil an áit seo slán beidh an áit seo slán. Ná bíodh buaireamh ort faoi."

"Tá a fhios agam, ach dúirt sé nach raibh dragúin in aice na háite agus tá dún ar bharr an tsléibhe sin. Cad chuige nár inis sé dúinn faoi?"

B'fhéidir gur tógadh ar na mallaibh é agus nach raibh a fhios aige rud ar bith faoi. Fan go dtiocfaidh sé ar ais. Beidh cuma níos fearr ar rudaí ansin."

Luigh Naoise siar agus d'éist sé le tuaim na habhann ag gabháil cheoil thar na clocha. Smaoinigh sé ar Ghillinan. Mheas sé go mbeadh sé ag dul fríd an Sceir á gcuartú. Cad é an dochar a bheadh déanta aige? An bhfeicfeadh sé arís é? Cad é mar a bhí a tuismitheoirí? An mbeadh an gleann seo sábháilte go leor?

Bhí na ceisteanna seo agus ceisteanna nach iad á bplé aige ina intinn gur thit a chodladh air.

Na héin a mhúscail é. Bhí siad chomh callánach sin! Níor mhothaigh sé na héin chomh tormánach sin sa bhaile. Bhí Seán Bán ina chodladh go fóill. Lig sé dó. D'éirigh sé agus shíúil sé a fhad leis an abhainn. Nigh sé a aghaidh agus chuir sé an ruaig ar an chodladh. Sheas sé suas agus d'amharc thart. Thug sé faoi deara gur éirigh scata éan in airde le chéile. Chuaigh sé ar ais chuig an phluais bheag gur mhúscail sé Seán Bán. Chuala siad coischéimeanna agus cipíní á mbriseadh. Chúltaigh siad siar gur tharraing siad a gclaimhte amach.

Caibidil IX

Baile an Draighin

D'fhág Naoise slán ag a thuismitheoirí faoi rún go luath an mhaidin sin. Rinne Seán Bán agus Tarlach amhlaidh agus d'imigh siad leo. Bhí smúid orthu go raibh siad ag imeacht ach bhí dóchas acu go mbeadh siad ar ais.

Bhí siad iontach cúramach agus d'fhan siad sna coillte nó bhí na dragúin agus Gillinan gnóthach go maith an t-am sin. Bhí siad dhá lá ar an bhóthar mar bhí siad i gceantar nach raibh siad eolach air agus cha raibh aithne acu ar bhunadh na háite. Sa deireadh tháinig siad a fhad leis an Sliabh Dubh. Ní raibh sé ró-ard mar shliabh. Ar ghualainn an tsléibhe bhí sráidbhaile ann. Níor fhéad tú sráidbhaile féin a thabhairt air. Ceantar tuaithe a bhí ann ach an áit breac le tithe beaga aoldaite. Bhí gleann beag ag bun an tsléibhe.

"Rachaidh muid a fhad leis an ghleann sin agus fanfaidh muid an oíche ann," arsa Naoise.

"Beidh seans agam labhairt leis na daoine lena fháil amach cá bhfuil Aindreas ina chónaí," arsa Tarlach, ag inse don bheirt eile faoin chara a bhí aige san áit. Chuaigh siad isteach sa ghleann. Bhí abhainn bheag ag sileadh fríd an ghleann agus í lán breac. Bhí duine nó beirt ag iascaireacht ag bruach na habhann ach chuaigh an triúr i bhfolach gur imigh siad leo.

"Gleann na gCollán atá ar an áit seo," arsa Tarlach. Collchoill a bhí ann ach go raibh crainn darach agus fuinseoga sa choill chomh maith. Bhí an áit faoi bhláth agus bhí boladh gairleoige ar fud na háite. Shiúil na cairde isteach go domhain sa choill gur tháinig siad a fhad le pluais bheag cois na habhann. Bhí an oíche ag titim agus d'imigh Tarlach leis.

róthrom."

D'ordaigh an t-oifigeach do bheirt dhragún an t-airgead a thabhairt amach agus a fhágáil ag geataí na beairice. Caitheadh an fealltóir amach agus fágadh ann é ina sheasamh lena chuid airgid. Fuair sé mála mór amháin agus chuir sé an t-airgead isteach ann agus chuaigh a fhad le stábla chun capall a cheannach.

"Ba mhaith liom capall agus cóiste a fháil." arsa Mac an Aistrigh le fear ard a bhí ag glanadh amach na háite. D'aithin an fear Mac an Aistrigh.

"Nach tú a thug Seán Ó hEocháin do na plandóirí? Nach tú a dhíol fear céile do dheirféar leis na dragúin? Imigh leat as seo go hlfreann!"

D'imigh sé leis agus an mála á tharraingt aige. Agus mar sin a bhí sé i rith an lae. Cha dtug duine ar bith cuidiú dó. Cha raibh sé ábalta capall a fháil agus cha dtabharfadh duine ar bith bia ná deoch dó. Ba chóir dó an t-airgead a fhágáil ina dhiaidh nó a chur i bhfolach ach bhí sé santach saolta agus ní scarfadh sé leis.

Ag deireadh an lae bhí sé dhá mhíle taobh amuigh den bhaile. Bhí a chorp lán pianta cnámh. Bhí a lámha ag cur fola agus iad dóite ó bheith ag tarraingt an airgid ina dhiaidh. Bhí a chosa gortaithe agus bhí a dhroim go holc. Shiúil cuid de na Gaeil thart leis ach focal char labhair siad. B'fhearr dó féin a bheith marbh in áit Sheáin. Thuig sé an mheancóg a rinne sé ach cha dtáinig leis gan dúil a bheith aige san airgead. Go luath maidin lá arna mhárach thángthas ar chorp ina luí ar thaobh an bhealaigh mhóir. Bhí dhá láimh an choirp lán pingíní agus a dhroim briste. Fuair sé bás faoi mheáchan an airgid.

Bhí drong Ghillinan anois briste. Bhí siad scaipthe soir

siar. In áit áthas a bheith air bhí eagla air. Cha raibh cosaint ar bith anois aige agus bhí barúil aige go dtiocfadh Naoise á lorg gan mórán moille. Bhí cuidiú uaidh! Chuaigh sé chuig an bheairic ar an Bhaile Mheánach. Bhí sé tógtha go maith agus é ag caint leis an oifigeach.

"Tá tuilleadh fear de dhíth. Cha dtig linn ligint don fhear seo. Beidh muid uilig caite amach ar an bhóthar má leanann sé seo ar aghaidh."

"Chan fhuil fir ar bith sa bhreis agam. Tá muid gann mar atá. Beidh ort dul go Carraig Fhearghais á lorg."

"Ach chan fhuil sin slán sábháilte agam. Tá seans mór ann go bhfuil Ó hEocháin ag fanacht romham ar an bhealach," arsa Gillinan agus a sháith eagla air.

"Rachaidh cúigear dragún leat mar chosaint."

Chuaigh. Chaith Gillinan seachtain faoi Charraig Fhearghais. Mhínigh sé a chás ann. D'inis sé do na dragúin ansin go raibh na Gaeil ó mhaith agus nach raibh sos le fáil ag na plandóirí. Dúirt sé leo nach raibh ach iarracht amháin de dhíth chun Ó hEocháin agus a chuid fear a cheapadh agus go mbeadh suaimhneas ag na plandóirí go deo. D'éirigh leis grúpa eile a chur le chéile agus tháinig sé ar ais chuig an Sceir Bheag agus é níba chinnte ina intinn go mbeadh deireadh le Naoise. Thosaigh sé ar a chuid oibre láithreach. Thóg sé gasúir óga. Cheistigh sé go dian iad. Bhagair sé orthu. Dhóigh sé tithe agus chaith sé daoine amach ar an bhóthar, daoine nár dhíol cíos s'acu in am. Chonacthas do na Gaeil go raibh saol s'acu níba mheasa ná mar a bhí go dtí sin. Fuair sé amach gur fhan Naoise i dtithe éagsúla ar fud an cheantair. Dódh na tithe go talamh. Bhog na Gaeil arís ó thuaidh chuig na Glinntí.


Cha raibh an saol mórán níb fhearr ag Naoise. Dóbair dó

bheith ceaptha cúpla uair. Bhí a fhios aige go raibh a bheatha anois i gcontúirt. Ceapadh Ragnall Dubh agus crochadh i gCarraig Fhearghais é. Bhí go leor déanta anois dar le Ruairí Ó Murchú agus Tuathal Mac Aonghusa. D'imigh siad leo thar sáile agus liostáil siad in arm na Fraince. D'fhan Seán Bán agus Tarlach Maol leis mar Naoise.

"A fheara, beidh orainn bogadh chuig áit úr. Tá muid ag cur isteach ar ár muintir féin. Beidh orainn imeacht ón tír nó dul chuig áit eile ina dtig linn dul ar aghaidh ag cur isteach ar na plandóirí," an chomhairle a thug Naoise.


"Tá áit bheag ó dheas ó Charraig Fhearghais in aice le Loch Lao. Áit bheag a bhfuil Baile an Draighin uirthi. Tá an áit saor ó phlandóirí agus tá sí gar go leor do Bhéal Feirste, sráidbhaile beag atá lán plandóirí. Tá sléibhte agus coillte ann agus beidh tacaíocht le fáil ó Ghaeil na háite," arsa Tarlach.

"Tá sé socraithe mar sin. Rachaidh muid ann ar béal maidine," arsa Naoise.



1994

Naoise



le
Diarmuid Ó Tuama